**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile*

**2021/0381(COD)**

1.12.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

ar an togra le haghaidh rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla
(COM(2021)0731 – C9-0433/2021 – 2021/0381(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Anna Júlia Donáth

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_Legam

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh d'ábhar substainteach na fógraíochta polaitiúla ná do na rialacha lena rialáiltear taispeáint na fógraíochta polaitiúla, lena n-áirítear tréimhsí tosta, mar a thugtar orthu, roimh thoghcháin nó reifrinn. | (13) Níor cheart don Rialachán seo difear a dhéanamh d'ábhar substainteach na fógraíochta polaitiúla ná do na rialacha lena rialáiltear taispeáint na fógraíochta polaitiúla, lena n-áirítear tréimhsí tosta, mar a thugtar orthu, roimh thoghcháin nó reifrinn. ***Tá sé ar cheann d'aidhmeanna an Rialacháin seo cuntasacht agus eagrú foriomlán próisis pholaitiúil atá cothrom agus oscailte a áirithiú, chun cearta na saoránach a choimirciú, lena n-áirítear a saoirsí tuairimíochta agus faisnéise, cinntí polaitiúla a dhéanamh agus a gcearta vótála a fheidhmiú, chomh maith le rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh don fhógraíocht pholaitiúil, chun a áirithiú gur féidir fógraí polaitiúla neamhdhleathacha a shainaithint agus a cheartú in am trátha agus go ndéanfar an spás as líne agus ar líne a ailíniú. Moltar do na Ballstáit, a bhfuil foráil déanta ina ndlíthe náisiúnta maidir leis an bhféidearthacht sin, breathnú ar thréimhsí tosta a chur i bhfeidhm ar fhógraíocht pholaitiúil, sna seachtainí roimh thoghcháin nó reifrinn. Moltar do na Ballstáit nach bhfuil tréimhsí tosta acu maidir leis an bhfógraíocht pholaitiúil machnamh a dhéanamh ar thréimhsí tosta den sórt sin a chur i bhfeidhm má mheasann siad go bhfuil gá leis chun cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh go hiomlán.*** |

**Leasú 2**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart go n-áireofaí leis an sainmhíniú ar fhógraíocht pholaitiúil fógraíocht arna foilsiú nó arna scaipeadh go díreach nó go hindíreach ag gníomhaí polaitiúil nó arna foilsiú nó arna scaipeadh go díreach nó go hindíreach do ghníomhaí polaitiúil nó thar a cheann. Ó tharla nach féidir fógraí a dhéanann gníomhaí polaitiúil, nó fógraí a dhéantar ar a shon nó thar a cheann a scaradh óna ghníomhaíocht ina ról mar ghníomhaí polaitiúil, is féidir a mheas go bhféadfaidís tionchar a imirt ar an dioscúrsa polaitiúil, ach amháin i gcás teachtaireachtaí de chineál príobháideach nó de chineál tráchtála amháin. | (16) Ba cheart go n-áireofaí leis an sainmhíniú ar fhógraíocht pholaitiúil fógraíocht atá urraithe, curtha chun cinn, foilsithe nó scaipthe go díreach nó go hindíreach ag gníomhaí polaitiúil nó atá urraithe, curtha chun cinn, foilsithe nó scaipthe go díreach nó go hindíreach do ghníomhaí polaitiúil nó thar a cheann. Ó tharla nach féidir fógraí a dhéanann gníomhaí polaitiúil, nó fógraí a dhéantar ar a shon nó thar a cheann a scaradh óna ghníomhaíocht ina ról mar ghníomhaí polaitiúil, is féidir a mheas go bhféadfaidís tionchar a imirt ar an dioscúrsa polaitiúil, ach amháin i gcás teachtaireachtaí de chineál príobháideach nó de chineál tráchtála amháin. |

**Leasú 3**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Maidir le teachtaireacht a fhoilsíonn nó a scaipeann gníomhaithe eile, ar teachtaireacht í a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar thoradh toghcháin nó reifrinn, ar phróiseas reachtach nó rialála nó ar iompraíocht vótála, ba cheart é sin a mheas mar fhógraíocht pholaitiúil freisin. Chun a chinneadh an bhféadfadh tionchar a bheith ag foilsiú nó scaipeadh teachtaireachta ar thoradh toghcháin nó reifrinn, ar phróiseas reachtach nó rialála nó ar iompraíocht vótála, ba cheart aird a thabhairt ar na tosca ábhartha uile, amhail ábhar na teachtaireachta, an teanga a úsáidtear chun an teachtaireacht a chur in iúl, an comhthéacs ina gcuirtear an teachtaireacht in iúl, cuspóir na teachtaireachta agus an | (17) Maidir le teachtaireacht a urraítear, a chuirtear chun cinn, a fhoilsítear nó a scaiptear ag gníomhaithe eile, ar teachtaireacht í a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar thoradh toghcháin nó reifrinn, ar phróiseas reachtach nó rialála nó ar iompraíocht vótála, lena n-áirítear rannpháirtíocht nó neamh-rannpháirtíocht i bpróiseas vótála, ba cheart é sin a mheas mar fhógraíocht pholaitiúil freisin. D’fhonn a chinneadh an bhféadfadh foilsiú nó scaipeadh teachtaireachta tionchar a imirt ar thoradh toghcháin nó reifrinn, ar phróiseas reachtach nó rialála nó ar iompar vótála, ba cheart aird a thabhairt ar na tosca ábhartha uile amhail ábhar na teachtaireachta, an teanga a úsáidtear chun |

| | |
|---|---|
| modh lena bhfoilsítear nó lena scaiptear an teachtaireacht. Mar a tharlaíonn sé, d’fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag teachtaireachtaí maidir le saincheisteanna sochaíocha nó conspóideacha ar thoradh toghcháin nó reifrinn, ar phróiseas reachtach nó rialála nó ar iompraíocht vótála. | an teachtaireacht a chur in iúl, an comhthéacs ina bhfuil an teachtaireacht á cur in iúl, céannacht an urraitheora, cuspóir na teachtaireachta agus an modh trína bhfoilsítear nó trína scaiptear an teachtaireacht, an spriocphobal a bhfuiltear ag díriú air agus cuspóir na teachtaireachta. Mar a tharlaíonn sé, d’fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag teachtaireachtaí maidir le saincheisteanna sochaíocha nó conspóideacha ar thoradh toghcháin nó reifrinn, ar phróiseas reachtach nó rialála nó ar iompraíocht vótála. |

**Leasú 4**
Togra le haghaidh rialacháin
**Aithris 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17a) Agus é á chur san áireamh gur idirghabháil sa díospóireacht phoiblí iad fógraí saincheisteanna poiblí atá dírithe ar thionchar a imirt ar chinntí reachtóirí ar deireadh, agus go bhfuil sé de dhualgas ar reachtóirí gníomhú i gcónaí ar bhonn fianaise agus ar mhaithe le leas an phobail, seachas ar bhonn féinleas chúng nó brústocaireacht pholaitiúil ag leasanna dílsithe cumhachtacha, níor cheart glacadh leis go dtugann aon ní sa Rialachán seo le tuiscint gur bagairt ar an daonlathas nó ar an bpolaitíocht iad fógraí saincheisteanna poiblí a dhéanann fíorghníomhaithe na sochaí sibhialta, nó go bhféachtar go rialta le fógraí den sórt sin reachtóirí a ionramháil go fóinteach, nó go mbíonn sé de chumhacht acu iad a chúbláil go fóinteach, agus ar an gcaoi sin, go n-urscaoilfí iad maidir leis an gceanglas a bheith airdeallach ar an dualgas gníomhú i gcónaí ar bhonn fianaise agus ar mhaithe le leas an phobail. Níor cheart glacadh leis go dtugann aon ní sa Rialachán seo le tuiscint gur rud ar bith seachas idirghabhálacha a gcuirtear fáilte rompu*** |

| | |
|---|---|
| | ***sa réimse poiblí agus sa díospóireacht pholaitiúil iad fógraí saincheisteanna poiblí a dhéanann fíorghníomhaithe na sochaí sibhialta. Níor cheart go ndéanfadh na hoibleagáidí a thiteann ar ghníomhaithe sa tsochaí shibhialta faoin Rialachán seo an bonn a bhaint dá gcuid oibre ná bac a chur orthu, agus ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún athbhreithniú bliantúil, le hionchur ó bhonn leathan den tsochaí shibhialta, chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí an Rialacháin seo ar an tsochaí shibhialta agus gníomhaíocht feabhais a mholadh más gá. Agus an t-athbhreithniú bliantúil á dhéanamh aige, ba cheart don Choimisiún a bheith airdeallach ar an ngá atá le haon mheon mímhacánta nó mí-úsáid a bhaintear as forálacha an Rialacháin seo chun an bonn a bhaint ó ghníomhaithe na sochaí sibhialta a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu gan mhoill.*** |

**Leasú 5**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(17b) Níor cheart soláthraithe seirbhísí cineálacha, a úsáideann soláthraithe seirbhíse fógraíochta nó gníomhaithe polaitiúla, a mheas mar sholáthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla agus ina ionad sin ba cheart iad a mheas, sa chleachtas, mar choibhéisí as líne na seirbhíse idirghabhála ar líne de réir bhrí Airteagal 3(g) de Rialachán (AE)2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]. Dá bhrí sin, áiríonn soláthraithe seirbhíse cineálach dá leithéid seirbhísí 'cainéal fórach', 'taiscthe' nó 'óstach', ach freisin a gcoibhéisí as líne amhail seirbhísí poist agus dáileacháin, dearthóirí grafacha agus siopaí priontála áit a sholáthraíonn*** |

***siad seirbhís 'neodrach' ar an gcaoi chéanna. Chun cáiliú mar chontrapháirt choibhéiseach as líne, ba cheart na seirbhísí sin a bheith faoi réir na gceanglas céanna, i.e. gan an tarchur a thionscnamh, ná glacadóir an tarchuir a roghnú, ná an fhaisnéis atá sa tarchur a roghnú nó a mhodhnú.***

__________

***[1a] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).***

**Leasú 6**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Níor cheart tuairimí polaitiúla a chuirtear in iúl i gcláir na gcraoltaí líneacha closamhairc nó a fhoilsítear sna meáin chlóite gan íocaíocht dhíreach nó luach saothair coibhéiseach a bheith i gceist leo, níor cheart iad a chumhdach leis an Rialachán seo. | (19) Níor cheart tuairimí polaitiúla, nó ábhar eagarthóireachta eile, arna gcur in iúl faoi fhreagracht eagarthóireachta soláthraí seirbhíse, sna cláir chlosamhairc, mheáin, lena n-áirítear craoltaí líneacha agus neamhlíneacha, nó a fhoilsítear in irisí, nuachtáin nó meáin eile chlóite nó ar líne, murar thug tríú páirtí luach saothair don soláthraí seirbhíse as an bhfógra polaitiúil, níor cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo iad. ***I gcás ina ndéanann soláthraí seirbhíse ábhar ó fheachtas polaitiúil nó ó iarrthóir a athfhoilsiú, gan comhthéacs eagarthóireachta, ba cheart an foilsiú sin a mheas mar fhógraíocht pholaitiúil agus ba cheart caitheamh leis mar fhógraíocht pholaitiúil, fiú mura bhfuair an tseirbhís sin luach saothair.*** |

**Leasú 7**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Is gá fógra polaitiúil a shainiú mar chás ina bhfuil fógraíocht pholaitiúil i gceist. Áirítear ar na fógraí na modhanna trína ndéantar an teachtaireacht fógraíochta a chur in iúl, lena n-áirítear i gcló, trí na meáin chraolta nó trí sheirbhís ardáin ar líne. | (21) Is gá fógraíocht pholaitiúil a shainmhíniú mar chás d'fhógraíocht pholaitiúil atá urraithe, ullmhaithe, suite, curtha chun cinn, foilsithe nó scaipthe ar bhealach ar bith. Áirítear ar na fógraí na modhanna trína ndéantar an teachtaireacht fógraíochta a chur in iúl, amhail i gcló, trí na meáin chraolta nó trí sheirbhís ardáin ar líne nó trí líonra sóisialta. |

**Leasú 8**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Ba cheart go n-áireofaí freisin i gcoincheap na ngníomhaithe polaitiúla, oifigigh neamhthofa, oifigigh thofa, iarrthóirí agus comhaltaí Rialtais ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Ba cheart go n-áireofaí eagraíochtaí polaitiúla eile sa sainmhíniú sin freisin. | (23) ***Ba cheart go n-áireofaí freisin i gcoincheap na ngníomhaithe polaitiúla institiúidí an Aontais, rialtais, lena n-áirítear iad sin ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil agus a n-údaráis agus a gcomhlachtaí faoi seach, bíodh pearsantacht dhlítheanach acu nó ná bíodh, a mhéid is féidir a gcumarsáid a chomhshamhlú le fógraíocht pholaitiúil.*** Ba cheart go n-áireofaí freisin i gcoincheap na ngníomhaithe polaitiúla, oifigigh neamhthofa, oifigigh thofa, iarrthóirí agus comhaltaí Rialtais ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Ba cheart go n-áireofaí eagraíochtaí polaitiúla eile sa sainmhíniú sin freisin. ***Féadfaidh daoine áirithe rialú a fheidhmiú ar ghníomhaithe polaitiúla agus a leasanna pearsanta a chur chun cinn, agus an tionchar sin á cheilt d'aon ghnó nó á cheilt ar an bpobal. Ba cheart daoine den sórt sin a mheas freisin mar ghníomhaithe polaitiúla de réir bhrí an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 9**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh mar a chosnaítear le hAirteagal 11 den Chairt um Chearta Bunúsacha, cumhdaítear ceart an duine aonair tuairimí polaitiúla a bheith aige, faisnéis pholaitiúil a fháil agus a thabhairt agus smaointe polaitiúla a roinnt. Aon teorannú ar an gceart sin, ní mór dó Airteagal 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha a chomhlíonadh agus is féidir an tsaoirse sin a bheith faoi réir modhnuithe agus srianta i gcás ina bhfuil bonn cirt leo i ngeall ar leas poiblí dlisteanach atá á shaothrú, agus i gcás ina gcomhlíonann siad prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, amhail comhréireacht agus deimhneacht dhlíthiúil. Is amhlaidh atá sé inter alia i gcás ina gcuirtear na tuairimí polaitiúla in iúl trí mheán na soláthraithe seirbhíse fógraíochta. | (31) Leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil mar a chosnaítear le hAirteagal 11 den Chairt um Chearta Bunúsacha, cumhdaítear ceart an duine aonair tuairimí polaitiúla a bheith aige, faisnéis pholaitiúil a fháil agus a thabhairt agus smaointe polaitiúla a roinnt gan cur isteach orthu agus beag beann ar theorainneacha. Aon srian, coinníoll, teorannú ar an gceart sin, ní mór dó Airteagal 52 den Chairt um Chearta Bunúsacha a chomhlíonadh agus is féidir an tsaoirse sin a bheith faoi réir modhnuithe agus srianta i gcás ina bhfuil bonn cirt leo i ngeall ar leas poiblí dlisteanach atá á shaothrú, agus i gcás ina gcomhlíonann siad prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, amhail comhréireacht agus deimhneacht dhlíthiúil. Is amhlaidh atá sé inter alia i gcás ina gcuirtear na tuairimí polaitiúla in iúl trí mheán na soláthraithe seirbhíse fógraíochta. ***Tá an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh ar cheann de bhunchlocha díospóireacht bhríomhar dhaonlathach.*** |

**Leasú 10**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Ba cheart go gcuirfeadh trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla ar chumas na saoránach a thuiscint go bhfuil fógra polaitiúil os a gcomhair. Ba cheart d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla a áirithiú go bhfoilseofar, i dtaca le gach fógra polaitiúil, ráiteas soiléir ina gcuirtear | (38) Ba cheart go gcuirfeadh trédhearcacht na fógraíochta polaitiúla ar chumas na saoránach a thuiscint go bhfuil fógra polaitiúil os a gcomhair. Ba cheart d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla a áirithiú go bhfoilseofar, i dtaca le gach fógra polaitiúil, ráiteas soiléir ina gcuirtear |

| | |
|---|---|
| in iúl gur fógra polaitiúil é agus céannacht a hurraitheora a nochtadh. I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfadh lógó polaitiúil a bheith ag gabháil le hainm an urraitheora. Ba cheart d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla úsáid a bhaint as lipéadú atá éifeachtach, agus aird a thabhairt ar fhorbairtí sa taighde eolaíoch ábhartha agus sa dea-chleachtas maidir le trédhearcacht a chur ar fáil trí lipéadú ar fhógraíocht. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go bhfoilseofar faisnéis maidir le gach fógra polaitiúil ionas gur féidir comhthéacs níos leithne an fhógra pholaitiúil agus na haidhmeanna atá leis a thuiscint, rud is féidir a chur san áireamh san fhógra féin, nó gur féidir leis an bhfoilsitheoir a chur ar fáil ar a shuíomh gréasáin, agus a bhfuil rochtain air trí nasc nó trí threoir choibhéiseach shoiléir atá soláimhsithe don úsáideoir a chur san áireamh san fhógra. | in iúl gur fógra polaitiúil é agus céannacht a hurraitheora a nochtadh. I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfadh lógó polaitiúil a bheith ag gabháil le hainm an urraitheora. Ba cheart d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla úsáid a bhaint as lipéadú atá éifeachtach, agus aird a thabhairt ar fhorbairtí sa taighde eolaíoch ábhartha agus sa dea-chleachtas maidir le trédhearcacht a chur ar fáil trí lipéadú ar fhógraíocht. ***Ba cheart 15% ar a laghad den fhógra, den spás nó den uainiú a thaispeántar, ag brath ar fhormáid an fhógra, a úsáid ionas gur furasta an fógra polaitiúil a shainaithint.*** Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go bhfoilseofar faisnéis maidir le gach fógra polaitiúil ionas gur féidir comhthéacs níos leithne an fhógra pholaitiúil agus na haidhmeanna atá leis a thuiscint, rud is féidir a chur san áireamh san fhógra féin, nó gur féidir leis an bhfoilsitheoir a chur ar fáil ar a shuíomh gréasáin, agus a bhfuil rochtain air trí nasc nó trí threoir choibhéiseach shoiléir atá soláimhsithe don úsáideoir a chur san áireamh san fhógra. |

**Leasú 11**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(42a) Ba cheart don Choimisiún leabharlann Eorpach a bhunú agus a bhainistiú le haghaidh fógraí polaitiúla as líne agus ar líne chun fógraí polaitiúla agus gach faisnéis atá san fhógra trédhearcachta a óstáil, a chartlannú agus a chur ar fáil go poiblí. Ba cheart d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla an fhaisnéis uile atá san fhógra trédhearcachta a roinnt leis an leabharlann Eorpach le haghaidh fógraí polaitiúla gan moill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig óna céadfhoilsiú. Ina theannta sin, ba cheart*** |

***d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla atá ina n-ardáin an-mhór ar líne agus ina n-innill chuardaigh an-mhór ar líne de réir bhrí Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065 an fhaisnéis uile atá san fhógra trédhearcachta a chur ar fáil agus a nuashonrú, i bhfíor-am, trí stórtha fógraí arna bhfoilsiú de bhun Airteagal 39 de Rialachán 2022/2065.***

**Leasú 12**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (46) Chun go mbeidh eintitis shonracha in ann a ról a imirt i ndaonlathais, is iomchuí rialacha a leagan síos maidir le tarchur na faisnéise a fhoilsítear leis an bhfógra polaitiúil nó atá san fhógra trédhearcachta chuig gníomhaithe leasmhara amhail taighdeoirí grinnfhiosraithe, iriseoirí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus breathnóirí creidiúnaithe toghcháin, chun tacú le feidhmiú a ról faoi seach sa phróiseas daonlathach. Níor cheart a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla freagairt d'iarrataí atá go follasach gan bhunús nó iomarcach. Ina theannta sin, ba cheart cead a bheith ag an soláthraí seirbhíse ábhartha táille réasúnta a ghearradh i gcás iarrataí atriallacha agus costasacha, agus na costais riaracháin a bhaineann leis an bhfaisnéis a sholáthar á gcur san áireamh. | (46) Chun go mbeidh eintitis shonracha in ann a ról a imirt i ndaonlathais, is iomchuí rialacha a leagan síos maidir le tarchur na faisnéise a fhoilsítear leis an bhfógra polaitiúil nó atá san fhógra trédhearcachta chuig páirtithe leasmhara, atá bunaithe san Aontas, amhail taighdeoirí grinnfhiosraithe, iriseoirí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus breathnóirí creidiúnaithe toghcháin, chun tacú le feidhmiú a ról faoi seach sa phróiseas daonlathach. Níor cheart a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla freagairt d'iarrataí atá go follasach gan bhunús nó iomarcach. Ina theannta sin, ba cheart cead a bheith ag an soláthraí seirbhíse ábhartha táille réasúnta a ghearradh i gcás iarrataí atriallacha agus costasacha, agus na costais riaracháin a bhaineann leis an bhfaisnéis a sholáthar á gcur san áireamh. |

**Leasú 13**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) Maidir le sonraí pearsanta a | (47) Maidir le sonraí pearsanta a |

bhailítear go díreach ó dhaoine aonair, nó go hindíreach amhail sonraí bunaithe ar thátal, nuair a dhéantar daoine aonair a ghrúpáil de réir a spéiseanna toimhdithe nó de réir faisnéis a fhaightear óna ngníomhaíocht ar líne, úsáidtear próifíliú iompraíochta agus teicnící anailíse eile níos minice ná riamh chun teachtaireachtaí polaitiúla a dhíriú ar ghrúpaí nó ar vótálaithe aonair nó ar dhaoine aonair, agus chun a dtionchar a mhéadú. Ar bhonn sonraí pearsanta a phróiseáil, go háirithe sonraí a mheastar a bheith íogair faoi Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[11]*** agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[12]***, is féidir grúpaí éagsúla vótálaithe nó daoine aonair a dheighilt agus is féidir a saintréithe nó a leochaileachtaí a shaothrú mar shampla trí na fógraí a scaipeadh ag tráthanna sonracha agus in áiteanna sonracha atá ceaptha chun leas a bhaint as na cásanna ina mbeidís íogair do chineál áirithe faisnéise/teachtaireachta. Bíonn tionchair shonracha agus dhochracha ag an gcleachtas sin ar chearta agus saoirsí bunúsacha na saoránach maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus a saoirse chun faisnéis oibiachtúil a fháil, chun teacht ar a dtuairim féin, chun cinntí polaitiúla a dhéanamh agus chun a gcearta vótála a fheidhmiú. Bíonn tionchar diúltach aige sin ar an bpróiseas daonlathach. Ba cheart srianta agus coinníollacha breise i gcomparáid le Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725 a chur ar fáil. Ba cheart na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le húsáid teicnící spriocdhírithe agus méadaithe a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs na fógraíochta polaitiúla a bhunú ar Airteagal 16 CFAE.

bhailítear go díreach ó dhaoine aonair, nó go hindíreach amhail sonraí breathnaithe nó sonraí bunaithe ar thátal, nuair a dhéantar daoine aonair a ghrúpáil de réir a spéiseanna toimhdithe nó de réir faisnéis a fhaightear óna ngníomhaíocht ar líne, úsáidtear próifíliú iompraíochta agus teicnící anailíse eile níos minice ná riamh chun teachtaireachtaí polaitiúla a dhíriú ar ghrúpaí nó ar vótálaithe aonair nó ar dhaoine aonair, agus chun a dtionchar a mhéadú. Ar bhonn sonraí pearsanta a phróiseáil, go háirithe sonraí a mheastar a bheith íogair faoi Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], is féidir grúpaí éagsúla vótálaithe nó daoine aonair a dheighilt agus is féidir a saintréithe nó a leochaileachtaí a shaothrú mar shampla trí na fógraí a scaipeadh ag tráthanna sonracha agus in áiteanna sonracha atá ceaptha chun leas a bhaint as na cásanna ina mbeidís íogair do chineál áirithe faisnéise/teachtaireachta. Bíonn tionchair shonracha agus dhochracha ag an gcleachtas sin ar chearta agus saoirsí bunúsacha na saoránach maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus a saoirse go gcaitear go cóir agus go cothrom leo, nach ndéantar iad a ionramháil, chun faisnéis oibiachtúil a fháil, chun teacht ar a dtuairim féin, chun cinntí polaitiúla a dhéanamh agus chun a gcearta vótála a fheidhmiú. Thairis sin, bíonn tionchar diúltach aige sin ar an bpróiseas daonlathach toisc go gcumasaíonn sé ilroinnt na díospóireachta poiblí faoi shaincheisteanna tábhachtacha sochaíocha, anailís chreiche vótálaithe, for-rochtain roghnaíoch agus, ar deireadh, ionramháil na dtoghthóirí. ***Méadaíonn sé freisin an baol go scaipfear an bhréagaisnéis, agus baineadh úsáid as le haghaidh cur isteach eachtrach toghchánach, go háirithe ag eintitis eachtracha neamhdhaonlathacha. Is baol é fógraíocht mhíthreorach nó dhoiléir chun críocha polaitiúla toisc go mbíonn tionchar aici ar na sásraí***

***lárnacha lena gcumasaítear feidhmiú ár sochaí daonlathaí.*** Tarlaíonn sé sin go léir in ainneoin na gcoinníollacha atá ann cheana maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil, lena n-áirítear maidir le spriocdhíriú agus seachadadh fógraí, dá bhforáiltear i Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725

[11] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[12] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

[11] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[12] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO 295, 21.11.2018, lch. 39).

**Leasú 14**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47a) Tá na bealaí atá ann cheana faoi Rialachán (AE) 2016/679 maidir le fógraíocht a shaincheapadh agus a dhíriú go dleathach ar dhaoine aonair faoi réir mí-úsáide sistéamach, go háirithe maidir le toiliú saor agus feasach a bhailiú ó dhaoine aonair, rud nach féidir a réiteach faoin gcreat rialála atá ann faoi láthair.*** |

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47b) Is cleachtais iad patrúin dhorcha ar chomhéadain ar líne na n-ardán ar líne a shaobhann nó a chuireann isteach, go hábhartha nó go hiarbhír ar chumas úsáideoirí na seirbhíse roghanna nó cinntí uathrialacha agus eolasacha a dhéanamh maidir leis na sonraí pearsanta a chuireann siad ar fáil chun críocha fhógraíochta polaitiúla. Dá bhrí sin, ba cheart toirmeasc a chur ar sholáthraithe ardán ar líne úsáideoirí na seirbhíse a ghríosadh agus cosc a chur orthu neamhspleáchas, cinnteoireacht nó rogha na n-úsáideoirí a shaobhadh nó a lagú.*** |

**Leasú 16**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47c) Ba cheart go n-áireofaí leis sin freisin iarraidh arís agus arís eile ar úsáideoir na seirbhíse rogha a dhéanamh i gcás ina bhfuil rogha den sórt sin déanta cheana féin, an nós imeachta chun seirbhís a chealú a dhéanamh i bhfad níos deacra ná clárú léi, nó roghanna áirithe a dhéanamh níos deacra nó níos fadálaí ná cinn eile nó socruithe réamhshocraithe atá an-deacair a athrú, agus a chlaonann go míréasúnach mar sin cinnteoireacht úsáideoir na seirbhíse, ar bhealach a shaobhann agus a lagaíonn a neamhspleáchas, a gcinnteoireacht agus a rogha. Níor cheart, áfach, go dtuigfí le rialacha lena gcoisctear patrúin dhorcha go gcuirtear cosc ar sholáthraithe idirghníomhú go díreach le húsáideoirí*** |

| | |
|---|---|
| | ***na seirbhíse agus seirbhísí nua nó breise a thairiscint dóibh. Is cleachtais choiteanna iad úsáid chórasach patrúin dhorcha, comhaontuithe toilithe doiléire, faisnéis mhíthreorach, agus easpa ama chun téarmaí agus coinníollacha a léamh ionas go mbeidh sé deacair d'úsáideoirí na seirbhíse faisnéis shoiléir agus rialú soiléir a bheith acu i gcomhthéacs an tionscail fógraíochta ar líne atá bunaithe ar fhaireachas.*** |

**Leasú 17**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47d) D'fhonn daoine aonair a chosaint maidir leis an mbealach agus na críocha a ndéantar a sonraí pearsanta a phróiseáil, agus go háirithe i gcomhthéacsanna atá ábhartha chun tionchar a imirt ar a roghanna daonlathacha agus a rannpháirtíocht sa díospóireacht phoiblí, chomh maith le daonlathas agus sláine na dtoghchán a chosaint, is gá Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 a chomhlánú trí shrianta breise a chur leo, ar srianta iad ar cheart a bheith i bhfoirm teorainneacha dochta ar phróiseáil sonraí pearsanta chun díriú ar fhógraíocht pholaitiúil ar líne agus í a sheachadadh, bunaithe ar Airteagal 16 CFAE.*** |

**Leasú 18**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47e) Maidir le teicnící spriocdhírithe agus seachadta bunaithe ar choinníollacha áirithe agus ar mhéid*** |

| | |
|---|---|
| | ***teoranta sonraí pearsanta arna soláthar nach catagóirí speisialta sonraí pearsanta iad de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679 nó Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1725, is féidir leo a bheith úsáideach chun fógraíocht pholaitiúil agus faisnéis pholaitiúil a scaipeadh agus chun teagmháil a dhéanamh le saoránaigh agus iad a chur ar an eolas.*** |

**Leasú 19**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47f) Níor cheart teicnící spriocdhírithe agus seachadta fógraí a bhfuil próiseáil sonraí pearsanta i gceist leo a cheadú ach amháin ar bhonn sonraí pearsanta a chuireann an t-ábhar sonraí ar fáil go sainráite don fhoilsitheoir fógraíochta chun na críocha sonrach agus chuige sin amháin fógraíocht pholaitiúil spriocdhírithe a fháil. Níor cheart do sholáthraithe toiliú a iarraidh i gcás ina bhfeidhmíonn an t-ábhar sonraí a cheart nó a ceart chun agóid a dhéanamh trí mhodhanna uathoibrithe trí úsáid a bhaint as sonraíochtaí teicniúla, i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE) 2016/679. I gcás go ndiúltaíonn na hábhair sonraí toiliú a thabhairt, nó go dtarraingíonn siad an toiliú siar, ba cheart roghanna córa agus réasúnacha eile a thabhairt dó nó di chun rochtain a fháil ar sheirbhísí na sochaí faisnéise. Níor cheart go mbeadh sé níos deacra nó níos fadálaí don t-ábhar sonraí diúltú toiliú a thabhairt ná an toiliú sin a thabhairt. Níor cheart próiseáil sonraí pearsanta breathnaithe nó atá bunaithe ar thátal a cheadú, i gcomhréir le Treoirlínte 8/2020 ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir le díriú ar úsáideoirí na meán sóisialta. Gan srian den sórt sin a fhorchur ar theicnící spriocdhírithe agus*** |

***seachadta fógraí, is dócha go mbeadh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha mar thoradh ar dhíriú agus seachadadh fógraíochta polaitiúla bunaithe ar shonraí pearsanta.***

**Leasú 20**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47 g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47g) Níor cheart go n-áireofaí sna sonraí pearsanta a soláthraíodh ach catagóirí de shonraí pearsanta, arna soláthar go sainráite agus go gníomhach ag an t-ábhar sonraí, chun na críche sonraí agus chun na críche sin amháin iad a dhíriú ar fhógraíocht pholaitiúil ag an rialaitheoir sonraí ar cuireadh ar fáil dó iad. Níor cheart go ndíreofaí ar dhaoine is ábhar do na sonraí le fógraí polaitiúla ó rialaitheoirí sonraí nár sholáthair siad a sonraí pearsanta dóibh. Agus na sonraí á gcur ar fáil don fhoilsitheoir, ba cheart iad a chur isteach i gcomhéadan nó i socruithe an fhoilsitheora. Ba cheart, dá bhrí sin, próiseáil aon sonraí a bhaineann leis na hábhair sonraí a phróiseáilfí ar shlí eile le linn ghnáthúsáide na seirbhíse, amhail meiteashonraí, sonraí tráchta agus suímh nó ábhar na cumarsáide, cibé acu pearsanta nó poiblí, a eisiamh.*** |

**Leasú 21**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47 h (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47h) D'fhéadfadh roinnt iarrthóirí nó páirtithe polaitiúla a bhfuil acmhainní maithe acu dul timpeall ar na srianta ar theicnící spriocdhírithe le seirbhísí*** |

***inmheánacha a dhéanann margaíocht pholaitiúil ar mhórscála. Dá bhrí sin, nuair a phróiseálann urraitheoirí sonraí pearsanta le haghaidh margaíocht pholaitiúil spriocdhírithe dhíreach, amhail ríomhphost spriocdhírithe nó teachtaireachtaí téacs spriocdhírithe a sheoladh, ar mhórscála agus ar bhonn córasach, ba cheart feidhm a bheith ag na srianta ar theicnící dírithe, is cuma má tá seirbhís i gceist nó nach bhfuil. Ní dhéanann sé sin difear don fhíric nár cheart feidhm a bheith ag na srianta ar theicnící spriocdhírithe agus seachadta fógraí maidir le cumarsáid dhíreach amháin, lena n-áirítear ríomhphoist phearsantaithe nó teachtaireachtaí téacs nach margaíocht dhíreach spriocdhírithe ar scála mór iad, agus ábhar orgánach a fhoilsítear trí úsáid a bhaint as seirbhísí idirghabhálacha ar líne gan breithniú a dhéanamh ar shuíomh, foilsiú nó scaipeadh na teachtaireachta sonraí.***

**Leasú 22**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47 i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47i) Chun toghcháin agus reifrinn a chosaint agus aon chur isteach míchuí, ionramháil agus bréagaisnéis a chosc, is gá srianta breise a chur leis maidir le spriocdhíriú agus seachadadh fógraí sa tréimhse díreach roimh an toghchán nó roimh an reifreann. Sna 60 lá roimh aon toghchán nó reifreann, ba cheart teicnící spriocdhírithe agus seachadta fógraí, i gcomhthéacs na fógraíochta polaitiúla lena mbaineann sonraí pearsanta a soláthraíodh, a bheith teoranta go docht d'úsáid a bhaint as suíomh agus na teangacha a labhraíonn t-ábhar sonraí. D'fhéadfaí leas a bhaint freisin as an bhfíric gur vótálaí céaduaire duine mar go bhfuil sé tábhachtach dul i dteagmháil*** |

| | |
|---|---|
| | ***le daoine den sórt sin agus faisnéis a sholáthar dóibh maidir leis an toghchán nó an reifreann. Ba cheart a thuiscint go bhfuil suíomh an ábhair sonraí a úsáidtear chun fógraíocht pholaitiúil spriocdhírithe a sheachadadh ag leibhéal an toghlaigh is infheidhme sa toghchán nó sa reifreann ábhartha. Sna Ballstáit nach bhfuil ach toghlach náisiúnta amháin acu do thoghcháin Pharlaimint na hEorpa, áfach, d'fhéadfaí a thuiscint go bhfuil suíomh an ábhair sonraí ar an leibhéal réigiúnach nó ar leibhéal coibhéiseach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, le haghaidh fógraíochta polaitiúla a bhaineann leis na toghcháin sin.*** |

**Leasú 23**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47 j (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47j) Níor cheart go gcuirfeadh an toirmeasc agus na srianta maidir le próiseáil sonraí pearsanta le haghaidh fógraíocht pholaitiúil cosc ar urraitheoirí, ar fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla ná ar sholáthraithe seirbhísí fógraíochta, lena n-áirítear ardáin ar líne, fógraíocht pholaitiúil ar líne a thaispeáint bunaithe ar fhaisnéis chomhthéacsúil, lena n-áirítear eochairfhocail. Tá an teorainn sin comhréireach i bhfianaise go bhfuil rochtain ag urraitheoirí ar bhealaí eile dá bhfógraíocht pholaitiúil, go háirithe trí spriocdhíriú comhthéacsúil ar líne agus trí mheáin mhalartacha as líne. Comhlíonann an teorainn sin an ceart chun faisnéis agus smaointe leasa ghinearálta a thabhairt a bhfuil an pobal i dteideal a fháil toisc go bhféadfaí an ceart sin a theorannú in imthosca áirithe, má dhéantar an teorannú go réasúnta, go cúramach agus de mheon macánta, agus má tá sé comhréireach agus údar maith*** |

| | |
|---|---|
| | ***leis ar chúiseanna ábhartha leordhóthanacha, go háirithe, chun cearta daoine eile a chosaint.*** |

**Leasú 24**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47 k (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47k) Agus paraiméadair spriocdhírithe á roghnú acu, léiríonn urraitheoirí lucht féachana féideartha dá bhfógraíocht pholaitiúil. Mar sin féin, ag brath ar an mbuiséad a thiomnaíonn siad dá bhfeachtas fógraíochta, ní gá go sroichfidh a bhfógra polaitiúil lucht féachana iomlán den sórt sin. Beidh ar an bhfoilsitheoir a roghnú, ón lucht féachana féideartha sin, cé a gheobhaidh an fógra polaitiúil i ndáiríre. Chun cosc a chur ar chruthú bothanna macalla agus boilgáin scagtha agus chun cosc a chur ar sceabhacha déimeagrafacha feadh cine nó inscne, rud a fhágann cineálacha idirdhealaithe, níor cheart go gceadófaí d'ardáin ar líne fógraíocht pholaitiúil a sheachadadh go roghnaitheach laistigh den lucht féachana féideartha spriocdhírithe bunaithe ar phróiseáil bhreise sonraí pearsanta. Níor cheart, dá bhrí sin, faighteoirí iarbhír an fhógra pholaitiúil a roghnú ach go randamach ag an bhfoilsitheoir, gan aon phróiseáil bhreise a dhéanamh ar shonraí pearsanta.*** |

**Leasú 25**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47 l (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47l) Leis na hoibleagáidí fairsinge trédhearcachta dá bhforáiltear sa*** |

| | |
|---|---|
| | ***Rialachán seo, cabhrófar freisin chun go mbeidh sé dodhéanta teachtaireachtaí nach dtugtar faoi deara, atá contrártha agus deighilte a fhógairt do chodanna sonracha de na toghthóirí, toisc go mbeidh lucht faire, an tsochaí shibhialta, iriseoirí agus codanna eile de na toghthóirí in ann a ngrinnscrúdú a dhéanamh.*** |

**Leasú 26**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(48) Dá bhrí sin, ba cheart toirmeasc a chur ar theicnící spriocdhírithe agus méadaithe i gcomhthéacs fógraíocht pholaitiúil a bhaineann le próiseáil sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus in Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2018/1725. Níor cheart úsáid teicnící den sórt sin a cheadú ach amháin nuair a dhéanann an rialaitheoir, nó duine éigin atá ag gníomhú thar a cheann, é ar bhonn thoiliú sainráite an ábhair sonraí nó le linn a ngníomhaíochtaí dlisteanacha le coimircí iomchuí ag fondúireacht, comhlachas nó aon chomhlacht seachbhrabúsach eile a bhfuil aidhm pholaitiúil, fhealsúnach nó reiligiúnach nó ceardchumannach aige agus ar choinníoll nach mbaineann an phróiseáil ach le comhaltaí nó le hiarchomhaltaí an chomhlachta nó le daoine a mbíonn teagmháil rialta acu leis an gcomhlacht maidir lena chuspóirí agus ar choinníoll nach nochtar na sonraí pearsanta lasmuigh den chomhlacht sin gan toiliú na n-ábhar sonraí. Ba cheart coimircí sonracha a bheith ag gabháil leis sin. Ba cheart toiliú a thuiscint mar thoiliú de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725. Dá bhrí sin, níor cheart gur féidir brath ar na*** | ***scriosta*** |

***heisceachtaí mar a leagtar amach in Airteagal 9(2), pointí (b), (c), (e), (f), (g), (h), (i) agus (j) de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 10(2), pointí (b), (c), (e), (f), (g), (h), (i) agus (j) de Rialachán (AE) 2018/1725 faoi seach maidir le húsáid na dteicnící spriocdhírithe agus aimpliúcháin chun fógraíocht pholaitiúil a fhoilsiú, a chur chun cinn nó a scaipeadh a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus 10(1) de Rialachán (AE) 2018/725.***

**Leasú 27**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) Chun trédhearcacht agus cuntasacht fheabhsaithe a áirithiú nuair atá úsáid á baint as teicnící spriocdhírithe agus aimpliúcháin i gcomhthéacs na fógraíochta polaitiúla a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, ba cheart do na rialaitheoirí coimircí breise a chur chun feidhme. Ba cheart dóibh beartas a ghlacadh agus a chur chun feidhme ina shonraítear úsáid na dteicnící sin chun díriú ar dhaoine aonair nó chun a n-ábhar a aimpliú, agus ba cheart dóibh taifead a choimeád maidir lena ngníomhaíochtaí ábhartha. Nuair atá fógra polaitiúil á fhoilsiú, á chur chun cinn nó á scaipeadh agus úsáid á baint as teicnící spriocdhírithe agus aimpliúcháin chuige sin, ba cheart do na rialaitheoirí a sholáthar, in éineacht leis an bhfógra polaitiúil, faisnéis fhónta chun gur féidir leis an duine aonair lena mbaineann an loighic a úsáidtear agus príomhpharaméadair an spriocdhírithe a thuiscint, mar aon le húsáid sonraí tríú páirtí agus teicnící anailíse breise, lena n-áirítear an ndearnadh optamú breise ar | (49) Chun trédhearcacht agus cuntasacht fheabhsaithe a áirithiú nuair atá úsáid á baint as teicnící spriocdhírithe i gcomhthéacs na fógraíochta polaitiúla a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta, ba cheart do na rialaitheoirí coimircí breise a chur chun feidhme. Ba cheart dóibh beartas a ghlacadh agus a chur chun feidhme ina ndéantar cur síos ar úsáid na dteicnící sin chun díriú ar dhaoine aonair nó chun ábhar a bhfógra a sheachadadh, ba cheart dóibh measúnuithe riosca bliantúla a dhéanamh ar úsáid na dteicnící sin ar chearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair agus na sochaí ina hiomláine agus taifead a choinneáil ar a ngníomhaíochtaí ábhartha. Nuair atá fógra polaitiúil á fhoilsiú, á chur chun cinn nó á scaipeadh agus úsáid á baint as teicnící spriocdhírithe chuige sin, ba cheart do na rialaitheoirí a sholáthar, in éineacht leis an bhfógra polaitiúil, faisnéis fhónta chun gur féidir leis an duine aonair lena mbaineann an loighic a úsáidtear agus príomhpharaméadair an spriocdhírithe a thuiscint, mar aon le húsáid sonraí tríú páirtí agus teicnící anailíse breise, lena n- |

| | |
|---|---|
| spriocdhíriú an fhógra le linn a sheachadta. | áirítear an ndearnadh optamú breise ar spriocdhíriú an fhógra le linn a sheachadta. |

**Leasú 28**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 50**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (50) Ba cheart d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla a bhaineann úsáid as teicnící dírithe nó aimpliúcháin an fhaisnéis is gá a áireamh ina bhfógra trédhearcachta chun go mbeidh an duine aonair lena mbaineann in ann tuiscint a fháil ar loighic agus ar phríomhpharaiméadair na teicníce a úsáidtear, agus ar úsáid sonraí tríú páirtí agus teicnící anailíseacha breise a úsáidtear agus nasc chuig beartas ábhartha an rialaitheora. I gcás ina bhfuil an rialaitheoir difriúil ón bhfoilsitheoir fógraíochta ba cheart don rialaitheoir an beartas inmheánach nó tagairt dó a tharchur chuig foilsitheoir fógraíochta polaitiúla. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí fógraíochta, de réir mar is gá, an fhaisnéis is gá a tharchur chuig an bhfoilsitheoir fógraíochta polaitiúla chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. D'fhéadfaí soláthar faisnéise den sórt sin a dhéanamh go huathoibríoch agus a chomhtháthú sna gnáthphróisis ghnó ar bhonn caighdeán. | (50) Ba cheart d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla a bhaineann úsáid as teicnící dírithe an fhaisnéis is gá a áireamh ina bhfógra trédhearcachta chun go mbeidh an duine aonair lena mbaineann in ann tuiscint a fháil ar loighic agus ar phríomhpharaiméadair na teicníce a úsáidtear, agus ar úsáid sonraí tríú páirtí agus teicnící anailíseacha breise a úsáidtear agus nasc nasc chuig beartas ábhartha na seirbhíse fógraíochta polaitiúla. I gcás ina bhfuil an tseirbhís fógraíochta polaitiúla difriúil ón bhfoilsitheoir fógraíochta ba cheart don tseirbhís an beartas inmheánach nó tagairt dó a tharchur chuig an chuig an bhfoilsitheoir fógraíochta polaitiúla. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí fógraíochta, de réir mar is gá, an fhaisnéis is gá a tharchur chuig an bhfoilsitheoir fógraíochta polaitiúla chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. D'fhéadfaí soláthar faisnéise den sórt sin a dhéanamh go huathoibríoch agus a chomhtháthú sna gnáthphróisis ghnó ar bhonn caighdeán. |

**Leasú 29**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) D'fhonn tuilleadh cumhachta a thabhairt do dhaoine aonair chun go mbeidh siad in ann a gcearta cosanta sonraí a fheidhmiú, ba cheart d'fhoilsitheoirí | (51) D'fhonn tuilleadh cumhachta a thabhairt do dhaoine aonair chun go mbeidh siad in ann a gcearta cosanta sonraí a fheidhmiú, ba cheart d'fhoilsitheoirí |

| | |
|---|---|
| fógraíochta polaitiúla faisnéis bhreise agus uirlisí éifeachtacha a chur ar fail don ábhar sonraí lena mbaineann chun tacú leis ó thaobh a chearta a fheidhmiú faoi chreat dlíthiúil an Aontais maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear cur i gcoinne fógra polaitiúil nó a thoiliú a tharraingt siar nuair a dhéantar fógra polaitiúil a spriocdhíriú air. Ba cheart go mbeadh sé éasca rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin go díreach ón bhfógra trédhearcachta. Na huirlisí a chuirtear ar fáil do na daoine aonair chun tacú leo ó thaobh fheidhmiú a gcuid gceart de, ba cheart iad a bheith éifeachtach ó thaobh cosc a chur ar fhógraí polaitiúla a spriocdhíriú ar dhuine aonair, agus ó thaobh cosc a chur ar rialaitheoir amháin nó rialaitheoirí éagsúla sonracha spriocdhíriú a dhéanamh ar dhuine aonair ar bhonn critéir shonracha. | fógraíochta polaitiúla faisnéis bhreise agus uirlisí éifeachtacha a chur ar fail don ábhar sonraí lena mbaineann chun tacú leis ó thaobh a chearta a fheidhmiú faoi chreat dlíthiúil an Aontais maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear a thoiliú a tharraingt siar nuair a dhéantar fógra polaitiúil a spriocdhíriú air. Ba cheart go mbeadh sé éasca rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin go díreach ón bhfógra trédhearcachta. Na huirlisí a chuirtear ar fáil do na daoine aonair chun tacú leo ó thaobh fheidhmiú a gcuid gceart de, ba cheart iad a bheith éifeachtach ó thaobh cosc a chur ar fhógraí polaitiúla a spriocdhíriú ar dhuine aonair, agus ó thaobh cosc a chur ar rialaitheoir amháin nó rialaitheoirí éagsúla sonracha spriocdhíriú a dhéanamh ar dhuine aonair ar bhonn critéir shonracha. |

**Leasú 30**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (52) Ba cheart don Choimisiún spreagadh a thabhairt maidir le cóid iompair a tharraingt suas, rud dá dtagraítear in Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2016/679 chun tacú le feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí sa chomhthéacs seo. | (52) Ba cheart don Choimisiún ***treoirlínte a tharraingt suas*** chun tacú le feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí sa chomhthéacs sin. |

**Leasú 31**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 53**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (53) An fhaisnéis atá le soláthar i gcomhréir leis na ceanglais uile is infheidhme maidir le húsáid teicnící spriocdhírithe agus aimpliúcháin faoin Rialachán seo, ba cheart í a chur i láthair i | (53) An fhaisnéis atá le soláthar i gcomhréir leis na ceanglais uile is infheidhme maidir le húsáid teicnící spriocdhírithe faoin Rialachán seo, ba cheart í a chur i láthair i bhformáid atá |

| | |
|---|---|
| bhformáid atá inrochtana go héasca, atá le feiceáil go soiléir agus atá soláimhsithe ag úsáideoirí, lena n-áirítear trí theanga shoiléir a úsáid. | inrochtana go héasca, atá le feiceáil go soiléir agus atá soláimhsithe ag úsáideoirí, lena n-áirítear trí theanga shoiléir a úsáid agus oiriúnach do dhaoine a bhfuil deacrachtaí éisteachta agus lagú amhairc acu. |

**Leasú 32**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 58 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(58a) Chun críocha fheidhmiú a gcumhachtaí faoin Rialachán seo, ba cheart acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 15 agus don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí.*** |

**Leasú 33**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 70**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (70) Tá an Rialachán seo gan dochar do na rialacha a leagtar síos go háirithe le Treoir 2000/31/CE, lena n-áirítear na rialacha dliteanais le haghaidh soláthraithe seirbhíse idirghabhálacha in Airteagail 12 go 15 den Treoir sin arna modhnú le Rialachán (AE) 2021/xxx [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha], Rialachán (AE) 2021/xxx [an Ionstraim um Margaí Digiteacha], Treoir 2002/58/CE agus Rialachán (AE) XXX [an Rialachán maidir le ríomh-Phríobháideachas], chomh maith le Treoir (AE) 2010/13, Treoir 2000/31/CE, Treoir 2002/58/CE, Treoir 2005/29/CE, Treoir 2011/83/AE, Treoir 2006/114/CE, Treoir 2006/123/CE agus Rialachán (AE) 2019/1150. | (70) Tá an Rialachán seo gan dochar do na rialacha a leagtar síos go háirithe le Treoir 2000/31/CE, lena n-áirítear na rialacha dliteanais le haghaidh soláthraithe seirbhíse idirghabhálacha in Airteagail 12 go 15 den Treoir sin arna modhnú le Rialachán (AE)2021/xxx [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha], Rialachán (AE) 2021/xxx [an Ionstraim um Margaí Digiteacha], chomh maith le Treoir (AE) 2010/13, Treoir 2005/29/CE, Treoir 2011/83/AE, Treoir 2006/114/CE, Treoir 2006/123/CE agus Rialachán (AE) 2019/1150. ***Ba cheart don Rialachán seo acquis an Aontais maidir le cosaint sonraí a chomhlánú, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725 agus Treoir 2002/58/CE agus foráil a dhéanamh maidir le rialacha sonracha*** |

| | |
|---|---|
| | ***cosanta sonraí a ghabhann leis. Ní dhéantar foráil sa Rialachán seo maidir le foras dlíthiúil a chomhlíonann ceanglais Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679 nó Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2018/1725 chun sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha fhógraíochta polaitiúla.*** |

**Leasú 34**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) rialacha comhchuibhithe maidir le húsáid teicnící spriocdhírithe agus aimpliúcháin i gcomhthéacs fógraíochta polaitiúla a fhoilsiú, a scaipeadh nó a cur chun cinn, ar teicnící iad a bhaineann le húsáid sonraí pearsanta. | (b) rialacha comhchuibhithe maidir le húsáid teicnící spriocdhírithe agus seachadta fógraí i gcomhthéacs fógraíochta polaitiúla a fhoilsiú, a scaipeadh nó a cur chun cinn, ar teicnící iad a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta. |

**Leasú 35**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le fógraíocht pholaitiúil a dhéantar a ullmhú, a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú nó a scaipeadh san Aontas, nó a dhírítear ar dhaoine aonair i mBallstáit amháin nó i roinnt Ballstát, gan beann ar áit bhunaíochta an tsoláthraí seirbhísí fógraíochta, agus gan beann ar na modhanna a úsáidtear. | 2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le fógraíocht pholaitiúil a dhéantar a urrú, a ullmhú, a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú nó a scaipeadh san Aontas, nó a dhírítear ar dhaoine aonair i mBallstáit amháin nó i roinnt Ballstát, gan beann ar áit bhunaíochta an urraitheora nó an tsoláthraí seirbhísí fógraíochta, agus gan beann ar na modhanna a úsáidtear. |

**Leasú 36**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***2a. Maidir le hábhar polaitiúil a chuirtear in iúl faoi fhreagracht eagarthóireachta foilsitheora chlóite nó foilsitheora ar líne nó soláthraí seirbhíse meán closamhairc, ní mheasfar gur fógraíocht pholaitiúil é nuair a dhéantar é a urrú, a ullmhú, a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú nó a scaipeadh ach amháin má fhaigheann tríú páirtí luach saothair i bhfoirm ar bith as an ábhar sin.*** |

**Leasú 37**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3 – pointe a**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (a) rannchuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh d'fhógraíocht pholaitiúil agus do sheirbhísí gaolmhara; | (a) rannchuidiú le feidhmiú cuí, sábháilte, iontaofa agus trédhearcach an mhargaidh inmheánaigh don fhógraíocht pholaitiúil agus do sheirbhísí gaolmhara; |

**Leasú 38**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3 – pointe b**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (b) daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. | (b) cearta agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha a chosaint, go háirithe maidir leis an gceart chun príobháideachais agus chun cosaint sonraí, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil agus an neamh-idirdhealú, mar a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha; |

**Leasú 39Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) seasamh leis na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe dá bhforáiltear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go háirithe urraim don tsaoirse, don daonlathas agus don smacht reachta agus, trína ráthú gur féidir le saoránaigh an Aontais a gcearta bunúsacha daonlathacha a fheidhmiú, go háirithe an ceart chun tuairim a thabhairt agus an ceart chun vótáil i dtimpeallacht thrédhearcach.*** |

**Leasú 40**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Treoir 2002/58/CE agus Rialachán (AE) XXX [Rialachán maidir le ríomh-Phríobháideachas]; | (b) Treoir 2002/58/CE; |

**Leasú 41**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) Rialachán (AE)2022/2065]*** |

**Leasú 42**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Déanfar na rialacha cosanta sonraí maidir le próiseáil sonraí pearsanta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a mheas mar rialacha sonracha maidir le cosaint sonraí de réir na*** |

| | |
|---|---|
| | ***rialacha ginearálta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679 agus (AE)2018/1725. Ní féidir aon cheann d'fhorálacha an Rialacháin seo a chur i bhfeidhm ná a léirmhíniú ar bhealach a laghdóidh nó a theorannóidh an leibhéal cosanta a thugtar leis an gceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta agus leis an gceart chun tuairimí a nochtadh mar a chosnaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha agus i ndlí an Aontais maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas, go háirithe le Rialachán (AE)2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725).*** |

**Leasú 43**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ciallaíonn "seirbhís" aon ghníomhaíocht eacnamaíoch ar bhonn féinfhostaithe, a thugtar de ghnáth ar luach saothair, dá dtagraítear in Airteagal 57 CFAE; | 1. ciallaíonn 'seirbhís' aon ghníomhaíocht eacnamaíoch ar bhonn féinfhostaithe a sholáthraítear de ghnáth ar luach saothair nó ar aon sochar, dá dtagraítear in Airteagal 57 CFAE; |

**Leasú 44**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – an chuid tosaigh**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ciallaíonn 'fógraíocht pholaitiúil' teachtaireacht a ullmhú, a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú nó a scaipeadh, trí aon mhodh: | 2. ciallaíonn 'fógraíocht pholaitiúil' teachtaireacht a urrú, a ullmhú, a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú nó a scaipeadh, trí aon mhodh: |

**Leasú 45**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar thoradh toghcháin nó reifrinn, ar phróiseas reachtach nó rialála nó ar iompraíocht vótála. | (b) a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar thoradh toghcháin nó reifrinn, nó ar iompraíocht vótála, nó |

**Leasú 46**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar phróiseas reachtach nó rialála.*** |

**Leasú 47**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) rialtas ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, comhlachtaí de chuid rialtas, bíodh pearsantacht dhlítheanach acu nó ná bíodh, agus fondúireachtaí poiblí de chuid rialtas;*** |

**Leasú 48**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – pointe b c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bc) institiúid de chuid an Aontais agus a chomhlachtaí, bíodh pearsantacht dhlítheanach acu nó ná bíodh;*** |

**Leasú 49**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (g) eagraíocht le haghaidh feachtas polaitíochta, bíodh pearsantacht dhlítheanach aici nó ná bíodh, a bunaíodh chun toradh sonrach a bhaint amach i dtoghchán nó i reifreann; | (g) eagraíocht le haghaidh feachtas polaitíochta, bíodh pearsantacht dhlítheanach aici nó ná bíodh, a bunaíodh chun tionchar a imirt ar thoradh sonrach i dtoghchán nó i reifreann; |

**Leasú 50**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(ha) aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá i gcaidreamh rialaithe le haon duine nó eagraíocht dá dtagraítear i bpointí (a) go (h) a bhaineann le fógraíocht pholaitiúil*** |

**Leasú 51**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 5. ciallaíonn ‘seirbhís fógraíochta polaitiúla’ seirbhís a dhéanann fógraíocht pholaitiúil, cé is moite de sheirbhís idirghabhálach ar líne de réir bhrí Airteagal 2(f) de Rialachán (AE) 2021/XXX [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha], ar seirbhís í a sholáthraítear gan suíomh, foilsiú nó scaipeadh na teachtaireachta sonraí a chur san áireamh; | 5. ciallaíonn ‘seirbhís fógraíochta polaitiúla’ seirbhís ina bhfuil fógraíocht pholaitiúil a sholáthraítear gan breithniú ar shuíomh, foilsiú nó scaipeadh na teachtaireachta sonraí, cé is moite de sheirbhís idirghabhálaí ar líne de réir bhrí Airteagal 3, pointe (g) de Rialachán (AE) 2022/2065; |

**Leasú 52**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. ciallaíonn ‘urraitheoir’ an duine nádúrtha nó dlítheanach, a ndéantar fógra polaitiúil a ullmhú, a shuíomh, a fhoilsiú nó a scaipeadh thar a cheann; | 7. ciallaíonn ‘urraitheoir’ an duine nádúrtha nó dlítheanach, a ndéantar fógra polaitiúil a ullmhú, a shuíomh, a fhoilsiú, ***a chur chun cinn*** nó a scaipeadh thar a cheann; |

**Leasú 53**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. ciallaíonn ‘sonraí pearsanta’ faisnéis mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2018/1725;*** |

**Leasú 54**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. ciallaíonn ‘teicnící spriocdhírithe agus aimpliúcháin’ teicnící a úsáidtear chun fógra polaitiúil spriocdhírithe a dhíriú ar dhuine sonrach nó ar ghrúpa daoine sonrach amháin nó chun cúrsaíocht, raon feidhme nó infheictheacht fógra pholaitiúil a mhéadú; | 8. ciallaíonn ‘teicnící spriocdhírithe’ teicnící a úsáideann urraitheoirí, foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla nó soláthraithe seirbhísí fógraíochta chun fógraíocht pholaitiúil a chur in oiriúint do dhuine ar leith nó do ghrúpa daoine ar leith amháin nó chun iad a eisiamh trí shonraí pearsanta a phróiseáil, go háirithe trína gcuid sonraí a bhailiú; |

**Leasú 55**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. ciallaíonn ‘teicnící seachadta*** |

***fógraí' teicnící uathoibrithe próiseála sonraí pearsanta a bhíonn ag brath de ghnáth ar algartaim nó ar phróiseáil uathoibrithe sonraí agus atá fostaithe ag foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla nó ag soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla a bhfuil baint acu le fógraí polaitiúla a chur chun cinn, a fhoilsiú agus a scaipeadh chun lucht féachana sonrach a chinneadh laistigh den lucht féachana féideartha arna shainiú ag na hurraitheoirí agus ag soláthraithe seirbhísí fógraíochta, ag gníomhú dóibh thar ceann urraitheoirí.***

**Leasú 56**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. ciallaíonn 'tréimhse thoghcháin' an tréimhse roimh thoghchán nó reifreann i mBallstát nó an tréimhse le linn toghcháin nó reifrinn nó díreach ina ndiaidh, tréimhse a bhfuil na gníomhaíochtaí feachtais faoi réir rialacha sonracha lena linn; | 9. ciallaíonn 'tréimhse thoghcháin' an tréimhse roimh thoghchán nó reifreann i mBallstát nó an tréimhse le linn toghcháin nó reifrinn nó díreach ina ndiaidh, tréimhse a bhfuil na gníomhaíochtaí feachtais faoi réir rialacha sonracha lena linn i gcomhréir leis an dlí náisiúnta; |

**Leasú 57**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. ciallaíonn 'foilsitheoir fógraíochta polaitiúla' duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann fógraíocht pholaitiúil a chraoladh, a chur ar fáil trí chomhéadan nó a chur san fhearann poiblí ar bhealach eile trí aon mhodh; | 11. ciallaíonn 'foilsitheoir fógraíochta polaitiúil' duine nádúrtha nó dlítheanach a sheachadann fógraíocht pholaitiúil ar na toghthóirí ábhartha ar aon bhealach; |

**Leasú 58**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 2a*** |
| | ***Fógra polaitiúil a shainaithint*** |
| | ***D'fhonn a chinneadh an ionann teachtaireacht agus fógraíocht pholaitiúil de réir bhrí Airteagal 2(2), pointí (b) agus (c), cuirfear san áireamh gnéithe uile na teachtaireachta, agus go háirithe na tosca ábhartha seo a leanas:*** |
| | ***(a) ábhar na teachtaireachta;*** |
| | ***(b) urraitheoir na teachtaireachta;*** |
| | ***(c) an teanga a úsáidtear chun an teachtaireacht a chur in iúl;*** |
| | ***(d) na modhanna trína ndéantar an teachtaireacht a chur chun cinn, a fhoilsiú nó a scaipeadh;*** |
| | ***(e) an comhthéacs ina dtugtar an teachtaireacht, lena n-áirítear an tréimhse scaipthe, amhail tréimhsí toghcháin nó reifrinn, agus cuspóir na teachtaireachta sin;*** |
| | ***(f) cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh tionchar a bheith ag an teachtaireacht ar na toghthóirí ábhartha.*** |

**Leasú 59**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Ní chuirfear toirmeasc ná srian ar na Ballstáit tréimhse tosta a choimeád ar bun ná a thabhairt isteach ar fhógraíocht pholaitiúil roimh thoghcháin nó reifrinn a bhféadfar srian a chur le hullmhú, le socrú, le cur chun cinn, le foilsiú nó le scaipeadh fógraí pholaitiúla nua lena linn.*** |

**Leasú 60**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 3a*** |
| | ***Fógraíocht pholaitiúil trasteorann*** |
| | ***1. Ní dhéanfaidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla ná soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla idirdhealú in aghaidh urraitheoirí atá bunaithe nó cláraithe go dlíthiúil san Aontas, ar fhoras a n-áite cónaithe nó, i gcás inarb infheidhme, a n-áit bhunaíochta amháin, i gcás ina n-iarrann, ina dtugann na gníomhaithe sin conradh le haghaidh fógraíocht pholaitiúil i gcrích nó ina bhfuil conradh le haghaidh fógraíocht pholaitiúil acu laistigh den Aontas.*** |
| | ***2. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh foilsitheoir fógraíochta polaitiúla nó soláthraí seirbhísí fógraíochta polaitiúla diúltú seirbhísí a sholáthar i mBallstát nach ndéanann an foilsitheoir nó an soláthraí sin gnó ann.*** |

**Leasú 61**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Trédhearcacht | Trédhearcacht ***agus dícheall cuí*** |

**Leasú 62**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Soláthrófar seirbhísí fógraíochta polaitiúla ar bhealach trédhearcach i | 1. Soláthrófar seirbhísí fógraíochta polaitiúla ar bhealach trédhearcach |

gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 5 go hAirteagal 11 agus in Airteagal 14 den Rialachán seo.

dícheallach i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 5 go hAirteagal 11 agus in Airteagal 14 den Rialachán seo.

**Leasú 63**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Déanfar seirbhísí fógraíochta polaitiúla a mhaoiniú nó a sholáthar d'urraitheoir nó do sholáthraí seirbhíse a bheidh ag gníomhú thar ceann urraitheoir ar saoránach de chuid an Aontais nó cónaitheoir de chuid an Aontais é nó ar dhuine dlítheanach é atá aitheanta ag dlíchóras Ballstáit amháin ar a laghad nó tríú tír atá ina chomhalta de Chomhairle na hEorpa, agus a bhfuil cearta iomlána ionadaíochta aige sa dlíchóras sin agus a aithníonn luachanna coibhéiseacha an Aontais.*** |

**Leasú 64**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla nach n-úsáidfidh urraitheoirí nó soláthraithe seirbhíse atá ag gníomhú thar ceann urraitheora a gcuid seirbhísí le haghaidh fógraíocht pholaitiúil ach amháin má tá an fhaisnéis seo a leanas faighte acu roimh an úsáid sin:***<br><br>***(a) ainm, seoladh, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an urraitheora;***<br><br>***(b) cóip den doiciméad sainaitheantais nach mbeidh inti ach faisnéis ábhartha an urraitheora nó aon sainaithint leictreonach eile mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) Uimh.*** |

***910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], nach n-úsáidfear ach amháin chun críocha aitheantais agus a scriosfar láithreach ina dhiaidh sin;***

***(c) sonraí chuntas íocaíochta an urraitheora;***

***[1a] Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le sainaithint leictreonach agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).***

**Leasú 65**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Ullmhóidh an Coimisiún treoir chun rannchuidiú le cur i bhfeidhm cuí an Airteagail seo.*** |

**Leasú 66**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla go sonrófar sna socruithe conarthacha, a thugtar i gcrích chun seirbhís fógraíochta polaitiúla a sholáthar, conas a chomhlíontar forálacha ábhartha an Rialacháin seo.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 67**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) méideanna na sonrasc a sheol siad i leith na seirbhíse nó na seirbhísí a cuireadh ar fáil, agus luach na sochar eile a fuarthas mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar an tseirbhís nó na seirbhísí a cuireadh ar fáil; ***agus*** | (c) méideanna na sonrasc a sheol siad i leith na seirbhíse nó na seirbhísí a cuireadh ar fáil, agus luach na sochar eile a fuarthas nó atá le fáil mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar an tseirbhís nó na seirbhísí a cuireadh ar fáil, a bhfoinsí; |

**Leasú 68**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) i gcás inarb infheidhme, céannacht an urraitheora agus a shonraí teagmhála. | (d) i gcás inarb infheidhme, céannacht an ghníomhaí pholaitiúil, urraitheoir an fhógra pholaitiúil agus, i gcás inarb infheidhme, céannacht an eintitis nó an duine a rialaíonn an t-urraitheoir ar deireadh, a shonraí teagmhála leictreonacha fíoraithe agus a áit bhunaithe nó chónaithe; ***agus*** |

**Leasú 69**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) i gcás inarb infheidhme, léiriú ar an bpróiseas ábhartha toghcháin nó reifrinn nó reachtaíochta nó rialála a bhfuil sé d'aidhm ag an bhfógraíocht pholaitiúil díriú air.*** |

**Leasú 70**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is i scríbhinn a bheidh an fhaisnéis | 2. Is i scríbhinn a bheidh an fhaisnéis |

| | |
|---|---|
| dá dtagraítear i mír 1 agus féadfaidh sí a bheith i bhfoirm leictreonach. Coinneofar faisnéis den sórt sin ar feadh tréimhse 5 bliana ó dháta an ullmhaithe, an tsuímh, an fhoilsithe nó an scaipthe dheiridh, de réir mar a bheidh. | dá dtagraítear i mír 1 agus féadfaidh sí a bheith i bhfoirm leictreonach. Coinneofar faisnéis den sórt sin ar feadh tréimhse 10 mbliana ó dháta an ullmhaithe, an tsuímh, an chur chun cinn, an fhoilsithe nó an scaipthe dheiridh, de réir mar a bheidh. ***Aon sonraí pearsanta a úsáidtear chun bailíocht na faisnéise sin a fhíorú nó a fhionnadh, ní choinneofar iad ach chomh fada agus is gá chun na críocha sin agus ní úsáidfear iad chun críocha eile.*** |

**Leasú 71**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 6a*** |
| | ***Fógra polaitiúil a lipéadú*** |
| | ***1. Áiritheoidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla go mbeidh lipéad soiléir i ngach fógra polaitiúil ina léireofar gur:*** |
| | ***(a) fógra polaitiúil atá ann, i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointí (a) agus (b); nó*** |
| | ***(b) fógra saincheist phoiblí atá ann, i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (c).*** |
| | ***D'ainneoin na difríochta lipéadaithe dá bhforáiltear i bhfomhír 1, beidh feidhm go haonfhoirmeach ag forálacha uile an Rialacháin seo maidir le pointe (a) agus pointe (b).*** |

**Leasú 72**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – an chuid tosaigh**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcomhthéacs seirbhísí fógraíochta polaitiúla a sholáthar, cuirfear gach fógra polaitiúil ar fáil leis an bhfaisnéis seo a leanas ar bhealach soiléir, suntasach agus gan débhrí: | 1. Áiritheoidh an foilsitheoir fógraíochta polaitiúla i bhfíor-am go mbeidh an fhaisnéis seo a leanas i ngach fógra polaitiúil ar bhealach atá soláimhsithe, inléite ag meaisín, soiléir, suntasach agus gan athbhrí. |

**Leasú 73**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) céannacht urraitheoir an fhógra pholaitiúil agus an eintitis a rialaíonn an t-urraitheoir ar deireadh; | (b) céannacht an ghníomhaí pholaitiúil agus urraitheoir an fhógra pholaitiúil agus aon eintiteas nó duine a rialaíonn nó a mhaoiníonn an t-urraitheoir ar deireadh; |

**Leasú 74**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) fógra trédhearcachta chun comhthéacs níos leithne an fhógra pholaitiúil agus na haidhmeanna atá leis a thuiscint, nó léiriú soiléir ar an áit ar féidir é a aisghabháil go héasca. | (c) fógra trédhearcachta***, dá dtagraítear i mír 2,*** nó léiriú soiléir ar an áit ar féidir é a aisghabháil; |

**Leasú 75**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) ráiteas maidir le nádúr spriocdhírithe an fhógra, na sonraí a úsáidtear don spriocdhíriú agus an cineál faisnéise pearsanta a úsáidtear má dhéantar sonraí pearsanta a phróiseáil*** |

| | |
|---|---|
| | ***chun an lucht éisteachta ar a gcuirtear an fógra i láthair a chinneadh;*** |

**Leasú 76**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) ráiteas ar chostas na fógraíochta aonair sin.*** |

**Leasú 77**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I ndáil leis sin, úsáidfidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla teicnící marcála agus lipéadaithe atá éifeachtach agus feiceálach lena bhféadfaí fógra polaitiúil a shainaithint go héasca mar fhógra den sórt sin agus áiritheoidh siad go mbeidh an mharcáil nó an lipéadú ann i gcónaí i gcás ina scaipfí an fógra polaitiúil níos faide. | I ndáil leis sin, úsáidfidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla 15 faoin gcéad ar a laghad den fhógraíocht atá ar taispeáint le haghaidh teicnící marcála agus lipéadaithe atá éifeachtach agus feiceálach lena bhféadfaí fógra polaitiúil a shainaithint go héasca mar fhógra den sórt sin agus áiritheoidh siad go mbeidh an mharcáil nó an lipéadú ann i gcónaí i gcás ina scaipfí an fógra polaitiúil níos faide. |

**Leasú 78**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – an chuid tosaigh**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheofar an fógra trédhearcachta i ngach fógra polaitiúil nó beidh sé éasca teacht air tríd an bhfógra, agus beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh ann: | 2. Luafar san fhógra trédhearcachta gur fógra polaitiúil atá sa bhfógra, go mbeidh sé éasca teacht air ó gach fógra polaitiúil, agus go mbeidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh ann: |

**Leasú 79**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 — point -a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) cur síos ar chomhthéacs níos leithne an fhógra pholaitiúil agus a chuid aidhmeanna;*** |

**Leasú 80**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) céannacht an urraitheora agus sonraí teagmhála; | (a) céannacht agus áit chónaithe nó bhunaíocht an urraitheora nó i gcás inarb infheidhme an t-eintiteas nó an duine a rialaíonn an t-urraitheoir ar deireadh agus a sonraí teagmhála fíoraithe; |

**Leasú 81**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 — point a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) más infheidhme, ráiteas maidir le nádúr spriocdhírithe an fhógra, an spriocluchta éisteachta, na sonraí a úsáidtear chun díriú orthu agus an cineál faisnéise pearsanta a úsáidtear má phróiseáiltear sonraí pearsanta chun an lucht féachana a gcuirtear an fógra ina láthair agus an fhoinse a chinneadh;*** |

**Leasú 82**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an tréimhse lena linn a bhfuil sé | (b) an tréimhse ar lena linn a |

| | |
|---|---|
| beartaithe an fógra polaitiúil a fhoilsiú agus a scaipeadh; | bheartaítear an fógra polaitiúil a bheith ***suite,*** foilsithe***, curtha chun cinn*** agus scaipthe, ***lena n-áirítear, más infheidhme, dáta tosaigh agus dáta deiridh an fheachtais pholaitiúil***; |

**Leasú 83**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) bunaithe, i measc nithe eile, ar fhaisnéis a fhaightear i gcomhréir le hAirteagal 6(3), faisnéis maidir leis na méideanna comhiomlána a caitheadh nó maidir le sochair eile a fuarthas mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar an bhfógra lena mbaineann a ullmhú, a shuíomh, a chur chun cinn, a fhoilsiú agus a scaipeadh, agus ar an bhfeachtas fógraíochta polaitiúla i gcás inarb ábhartha, agus a bhfoinsí; | (c) bunaithe, i measc nithe eile, ar fhaisnéis a fhaightear i gcomhréir le hAirteagal 6(3), faisnéis maidir leis na méideanna comhiomlána a caitheadh nó maidir le sochair eile a fuair an foilsitheoir fógraíochta polaitiúla mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar an bhfógra lena mbaineann a ullmhú, a shuíomh, a fhoilsiú a chur chun cinn agus a scaipeadh, agus ar an bhfeachtas fógraíochta polaitiúla i gcás inarb ábhartha, agus a bhfoinsí; |

**Leasú 84**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) faisnéis maidir leis na méideanna comhiomlána nó na sochair eile a fhaigheann gach soláthraí seirbhíse fógraíochta polaitiúla, lena n-áirítear foilsitheoirí, sa slabhra luacha iomlán mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán le haghaidh ullmhú, suíomh, foilsiú, cur chun cinn agus scaipeadh an fhógra ábhartha, agus an fheachtais fógraíochta polaitiúla i gcás inarb ábhartha;*** |

**Leasú 85**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) foinsí na gcistí a úsáidtear i ndáil le pointí (c) agus (ca);*** |

**Leasú 86**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe c c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cc) i gcás inarb infheidhme, naisc chuig faisnéis chomhiomlán maidir le fógraí polaitiúla neamhghníomhacha agus gníomhacha a thagann ón urraitheoir céanna;*** |

**Leasú 87**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) i gcás inarb infheidhme, léiriú ar thoghcháin nó reifrinn a bhfuil baint ag an bhfógra leo; | (d) i gcás inarb infheidhme, léiriú ar na toghcháin shonracha nó ar na reifrinn shonracha a bhfuil baint ag an bhfógra leo agus an tréimhse toghcháin ábhartha; |

**Leasú 88**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) i gcás inarb infheidhme, naisc chuig stórtha fógraí ar líne; | (e) i gcás inarb infheidhme, naisc chuig stórtha fógraí polaitiúla ar líne agus chuig a suíomh sa leabharlann Eorpach le haghaidh fógraí polaitiúla; |

**Leasú 89**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 –– point - f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) faisnéis faoi fhógraí féideartha eile a seachadadh mar chuid den fheachtas céanna.*** |

**Leasú 90**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla iarrachtaí réasúnacha chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 iomlán, agus i gcás ina measann siad nach amhlaidh atá, ní chuirfidh siad an fógra polaitiúil ar fáil. | 3. Déanfaidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla iarrachtaí réasúnta sula gcuirfidh siad an fógra san fhearann poiblí chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 iomlán, agus i gcás ina measann siad nach amhlaidh atá, ní chuirfidh siad an fógra polaitiúil ar fáil. |

**Leasú 91**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Tá urraitheoirí, soláthraithe seirbhíse agus foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla freagrach as na hoibleagáidí a eascraíonn as a réimsí leasa féin faoin Airteagal seo a chomhlíonadh de réir an dlí náisiúnta is infheidhme.*** |

**Leasú 92**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. I gcás ina bhfuil faisnéis ag an*** |

***bhfoilsitheoir fógraíochta polaitiúla lena léirítear go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 neamhiomlán nó míchruinn, déanfaidh an foilsitheoir iarrachtaí réasúnacha, lena n-áirítear trí theagmháil a dhéanamh leis an urraitheoir nó leis na soláthraithe seirbhíse ábhartha, an fhaisnéis sin a chomhlánú nó a cheartú. Go dtí go gceartófar an fhaisnéis sin, ní chuirfidh an foilsitheoir fógraíochta polaitiúla an fógra polaitiúil ar fáil nó scoirfidh sé de, agus cuirfidh sé an soláthraí seirbhíse ábhartha agus an t-urraitheoir ar an eolas dá réir sin.***

**Leasú 93**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3c. I gcás ina dtiocfaidh na hurraitheoirí nó soláthraithe na seirbhísí fógraíochta polaitiúla ar an eolas go bhfuil an fhaisnéis a tarchuireadh chuig an bhfoilsitheoir fógraíochta polaitiúla nó a fhoilsíonn sé neamhiomlán nó míchruinn, rachaidh siad i dteagmháil leis an bhfoilsitheoir lena mbaineann gan moill mhíchuí agus, de réir mar is ábhartha, tarchuirfidh siad faisnéis iomlán nó chruinn chuig an bhfoilsitheoir fógraíochta polaitiúla.*** |

**Leasú 94**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfar fógraí trédhearcachta a choinneáil cothrom le dáta agus a chur i láthair i bhformáid atá inrochtana go héasca agus, i gcás ina bhfuil sé indéanta | 4. Déanfar fógraí trédhearcachta a choinneáil cothrom le dáta agus a chur i láthair i bhformáid atá inrochtana go héasca, lena n-áirítear do dhaoine faoi |

| | |
|---|---|
| go teicniúil, meaisín-inléite, infheicthe go soiléir agus soláimhsithe, lena n-áirítear trí theanga shoiléir a úsáid. Foilseoidh an foilsitheoir fógraíochta polaitiúla an fhaisnéis in éineacht leis an bhfógra polaitiúil óna céadfhoilsiú go dtí bliain amháin i ndiaidh a fhoilsiú dheiridh. | mhíchumas agus, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, meaisín-inléite, dea-struchtúrtha, infheicthe go soiléir agus soláimhsithe, lena n-áirítear trí theanga shoiléir a úsáid agus cuirfear ar fáil ar líne iad. Teanga na fógraíochta polaitiúla a bheidh i dteanga an fhógra trédhearcachta. |

**Leasú 95**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Coinneoidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla a bhfógraí trédhearcachta mar aon le haon mhodhnuithe ar feadh tréimhse cúig bliana tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i mír 4. | 5. Foilseoidh agus coinneoidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla an fógra polaitiúil agus a fógraí trédhearcachta mar aon le stair aon mhodhnuithe ar feadh tréimhse bliana tar éis an fhoilsithe dheiridh. |

**Leasú 96**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Áiritheoidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla go ndéanfar an fhaisnéis atá san fhógra trédhearcachta a chomhroinnt leis an leabharlann Eorpach le haghaidh fógraí polaitiúla gan moill mhíchuí. Beidh gach leagan den fhógra sa leabharlann Eorpach. Soláthrófar faisnéis, a chuirfear ar fáil ar chomhéadan na bhfoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla, i bhformáid mheaisín-inléite de réir struchtúir agus caighdeáin choiteanna sonraí agus beidh sí inrochtana trí úsáid a bhaint as comhéadan feidhmchláir coiteann, arna fhorbairt ag an gCoimisiún i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha.*** |

**Leasú 97**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Áiritheoidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla, ar ardáin an-mhór ar líne iad de réir bhrí Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2021/xxx [DSA], go ndéanfaidh na stórtha a chuireann siad ar fáil de bhun Airteagal 30 den Rialachán sin [an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha] an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a chur ar fáil do gach fógra polaitiúil sa stór. | 6. Áiritheoidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla, ar ardáin an-mhór ar líne iad de réir bhrí Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065 go ndéanfaidh na stórtha a chuireann siad ar fáil de bhun Airteagal 39 den Rialachán sin an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a chur ar fáil do gach fógra polaitiúil sa stór gan moill mhíchuí agus áiritheoidh siad rochtain fíor-ama ar an bhfaisnéis sin d'údaráis ábhartha na mBallstát. ***Beidh gach leagan den fhógra sa stór agus beidh sé ar fáil go poiblí.*** |

**Leasú 98**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Spreagfaidh na Ballstáit, lena n-áirítear údaráis inniúla, agus an Coimisiún tarraingt suas cód iompair a bhfuil sé mar aidhm leo rannchuidiú le cur i bhfeidhm cuí an Airteagail seo, ag cur san áireamh shaintréithe sonracha na soláthraithe seirbhíse ábhartha lena mbaineann agus riachtanais shonracha na micrifhiontar, na bhfiontar beag agus na bhfiontar meánmhéide, de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE. | 7. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, treoirlínte a tharraingt suas chun rannchuidiú le cur i bhfeidhm cuí an Airteagail seo, ag cur san áireamh shaintréithe sonracha na soláthraithe seirbhíse ábhartha lena mbaineann agus riachtanais shonracha na micrifhiontar agus na bhfiontar beag agus meánmhéide, de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 2013/34/AE. ***Beidh treoir sna treoirlínte sin maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo i gcás fógraíocht pholaitiúil ar líne agus as líne araon. Go háirithe, beidh sna treoirlínte sin treoir d'fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla maidir le conas aghaidh a thabhairt ar fhógra a thabhairt ar mhodh dícheallach mear dá dtagraítear in Airteagal 9(3).*** |

**Leasú 99**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun Iarscríbhinn I a leasú trí ghnéithe a chur le liosta na faisnéise atá le soláthar de bhun mhír 2, nó gnéithe a mhodhnú nó a bhaint den liosta sin, i gcás inar gá leasú den chineál sin, i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha, chun go dtuigfí comhthéacs níos leithne an fhógra pholaitiúil agus a aidhmeanna. | 8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun Iarscríbhinn I a leasú trí ghnéithe a chur le liosta na faisnéise atá le soláthar de bhun mhír 2, nó gnéithe a mhodhnú nó a bhaint den liosta sin, i gcás inar gá leasú den chineál sin, i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha, taighde eolaíoch, forbairtí atá bainte amach ag na húdaráis inniúla ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta, chun go dtuigfí comhthéacs níos leithne an fhógra pholaitiúil agus a aidhmeanna, gan leibhéal na trédhearcachta a laghdú. |

**Leasú 100**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7a*** |
| | ***Leabharlann Eorpach le haghaidh fógraí polaitiúla*** |
| | ***Leabharlann Eorpach d'fhógraí polaitiúla*** |
| | ***Déanfaidh an Coimisiún leabharlann Eorpach le haghaidh fógraí polaitiúla a bhunú agus a bhainistiú chun an fhaisnéis maidir le fógraí pholaitiúla dá dtagraítear in Airteagal 7 a óstáil, a chartlannú agus a chur ar fáil go poiblí. Coinneoidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar feadh tréimhse 11 bhliain tar éis chéadfhoilsithe an fhógra pholaitiúil. Ní choinneofar aon sonraí pearsanta ach ar feadh tréimhse cúig bliana.*** |

**Leasú 101**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina soláthraíonn foilsitheoirí fógraíochta seirbhísí fógraíochta polaitiúla, mar chuid dá dtuarascáil bhainistíochta de réir bhrí Airteagal 19 de Threoir 2013/34/AE ina ráitis airgeadais bhliantúla, áireoidh siad faisnéis maidir leis na méideanna nó le luach na sochar eile a fuarthas mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar na seirbhísí sin, lena n-áirítear maidir le húsáid teicnící spriocdhírithe agus aimpliúcháin, arna gcomhiomlánú de réir an fheachtais. | 1. I gcás ina soláthraíonn foilsitheoirí fógraíochta seirbhísí fógraíochta polaitiúla, mar chuid ar leith dá dtuarascáil bhainistíochta de réir bhrí Airteagal 19 de Threoir 2013/34/AE ina ráitis airgeadais bhliantúla, áireoidh siad faisnéis maidir leis na méideanna nó le luach na sochar eile a fuarthas mar pháirtmhalairt nó mar mhalairt iomlán ar na seirbhísí sin, lena n-áirítear maidir le húsáid teicnící spriocdhírithe, arna gcomhiomlánú de réir an fheachtais. |

**Leasú 102**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina soláthraíonn siad seirbhísí fógraíochta polaitiúla, cuirfidh foilsitheoirí fógraíochta sásraí i bhfeidhm lena bhféadfaidh daoine aonair a chur in iúl dóibh, saor in aisce, nach gcomhlíonann fógra ar leith atá foilsithe acu an Rialachán seo. | 1. I gcás ina soláthraíonn siad seirbhísí fógraíochta polaitiúla, cuirfidh foilsitheoirí fógraíochta sásraí soláimhsithe i bhfeidhm lena bhféadfaidh daoine aonair a chur in iúl dóibh, saor in aisce, nach gcomhlíonann fógra ar leith atá foilsithe acu an Rialachán seo. |

**Leasú 103**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ceadóidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur isteach go leictreonach. Cuirfidh an foilsitheoir fógraíochta polaitiúla daoine aonair ar an eolas faoin obair leantach a rinneadh ar an bhfógra dá dtagraítear i mír | 3. Ceadóidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla an fógra dá dtagraítear i mír 1 a chur isteach go ***leictreonach.*** Ní bheidh sé d'oibleagáid ar fhógróirí sonraí pearsanta a sholáthar. Cuirfidh na foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla daoine aonair, a roghnaíonn sonraí teagmhála a sholáthar, |

1. ar an eolas faoin obair leantach a rinneadh ar an bhfógra dá dtagraítear i mír 1.

**Leasú 104**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Déanfaidh na foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla an fógra dá dtagraítear i mír 1 a scrúdú agus tabharfaidh siad aghaidh air dá réir sin, ar bhealach dícheallach, oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach agus gan moill mhíchuí, laistigh de chúig lá ar a dhéanaí. I gcás ina mbaineann an fógra le fógraíocht pholaitiúil a bhaineann le toghchán nó reifreann a bheidh ar siúl laistigh de níos lú ná 30 lá, déanfaidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla an fógra a scrúdú agus tabharfaidh siad aghaidh air laistigh de 36 uair an chloig.*** |

**Leasú 105**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Cuirfidh na foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla na páirtithe leasmhara ar an eolas faoina mbarúlacha agus faoina gcinntí a bhaineann leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 1. Cuirfidh na foilsitheoirí ábhartha na páirtithe leasmhara ar an eolas faoin sásra sásaimh a bhaineann leis an bhfógra.*** |

**Leasú 106**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfar fógraí atriallacha faoi mhír 1, maidir leis an bhfógra céanna nó an feachtas fógraíochta céanna, a fhreagairt i dteannta a chéile, lena n-áirítear trí thagairt a dhéanamh d'fhógra ar shuíomh gréasáin an fhoilsitheora fógraíochta polaitiúla lena mbaineann. | 4. Féadfar fógraí atriallacha faoi mhír 1 maidir leis an bhfógra nó leis an bhfeachtas fógraíochta céanna a fhreagairt ar bhealach uathoibrithe. |

**Leasú 107**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 9a*** |
| | ***An ceart chun gearán a dhéanamh*** |
| | ***1. Beidh sé de cheart ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha gearán a dhéanamh i gcoinne gníomhaithe polaitiúla, foilsitheoirí, urraitheoirí agus soláthraithe seirbhíse lena líomhnaítear go ndearnadh sárú ar an Rialachán seo.*** |
| | ***2. Leagfaidh na Ballstáit, an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí nó an Coimisiún síos rialacha maidir leis an gceart gearán a thaisceadh dá dtagraítear i mír 1. Déanfaidh na húdaráis inniúla an gearán a mheas ar bhealach oibiachtúil agus beidh na cumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 15(4) acu. Le linn na n-imeachtaí sin, beidh sé de cheart ag na páirtithe leasmhara faisnéis iomchuí a fháil faoi stádas an ghearáin, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.*** |
| | ***3. II gcás ina dtagann an gearán faoi fhreagracht údaráis inniúil eile ina Bhallstát nó ar leibhéal an Aontais, déanfaidh an t-údarás a fhaigheann an gearán é a tharchur chuig an údarás inniúil sin laistigh de sheacht lá. Le linn tréimhsí toghcháin, déanfar an gearán a*** |

***tharchur gan moill mhíchuí. Déanfaidh an t-údarás inniúil a fhaigheann an gearán measúnú air agus, i gcás inarb iomchuí, gníomhóidh sé ina leith laistigh de 15 lá. Le linn tréimhsí toghcháin, déanfar an measúnú laistigh de chúig lá.***

**Leasú 108**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 9b*** |
| | ***Comharthóirí iontaofa d'fhógraí polaitiúla neamhdhleathacha*** |
| | ***1. Déanfaidh foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla a ligeann d'urraitheoirí fógraí polaitiúla a fhoilsiú ar líne na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá chun a áirithiú go ndéanfar fógraí arna gcur isteach ag comharthóirí iontaofa d'fhógraí polaitiúla neamhdhleathacha tríd an sásra dá dtagraítear in Airteagal 9 a phróiseáil agus a chinneadh le tosaíocht agus gan moill mhíchuí.*** |
| | ***2. Bronnfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta stádas mar chomharthóir iontaofa fógraí polaitiúla neamhdhleathacha ar aon eintiteas, arna iarraidh sin, i gcás inar léirigh an t-eintiteas sin go gcomhlíonann sé na coinníollacha uile seo a leanas:*** |
| | ***(a) tá saineolas agus inniúlacht ar leith aige chun fógraí polaitiúla nach gcomhlíonann an Rialachán seo a bhrath, a shainaithint agus fógra a thabhairt fúthu;*** |
| | ***(b) déanann sé ionadaíocht ar chomhleasanna agus tá sé neamhspleách ar aon fhoilsitheoirí fógraíochta polaitiúla, urraitheoirí nó aon ghníomhaithe polaitiúla;*** |
| | ***(c) déanann sé a chuid*** |

***gníomhaíochtaí chun críocha fógraí a chur isteach ar bhealach dícheallach, cruinn agus oibiachtúil.***

***3. Cuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta in iúl don Choimisiún agus don Bhord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha ainmneacha, seoltaí agus seoltaí ríomhphoist na n-eintiteas ar bronnadh stádas an chomharthóra iontaofa orthu nó a bhfuil an stádas cúlghairthe acu i gcomhréir le mír 6.***

***4. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 a fhoilsiú i mbunachar sonraí a bheidh ar fáil go poiblí i bhformáid atá inrochtana go héasca agus inléite ag meaisín agus coinneoidh sé an bunachar sonraí cothrom le dáta.***

***5. I gcás ina bhfuil faisnéis ag foilsitheoir fógraíochta polaitiúla a thugann le fios go ndearna comharthóir iontaofa d'fhógraí polaitiúla neamhdhleathacha líon suntasach fógraí neamhchruinne, míchruinne nó réasúnaithe neamhleora a thíolacadh trí na sásraí dá dtagraítear in Airteagal 9, cuirfidh an foilsitheoir sin an fhaisnéis sin in iúl do na húdaráis inniúla náisiúnta agus cuirfidh sé na mínithe agus na doiciméid tacaíochta is gá ar fáil dóibh. Ar an bhfaisnéis a fháil ón bhfoilsitheoir fógraíochta polaitiúla agus má mheasann an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha go bhfuil cúiseanna dlisteanacha ann imscrúdú a oscailt, cuirfear stádas an chomharthóra iontaofa ar fionraí le linn thréimhse an imscrúdaithe, rud a dhéanfar gan mhoill mhíchuí.***

***6. Déanfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta a bhronn stádas an chomharthóra iontaofa ar eintiteas an stádas sin a chúlghairm i gcás ina gcinnfidh sé, tar éis imscrúdaithe ar a thionscnamh féin nó ar bhonn faisnéise a fuarthas ó thríú páirtithe, lena n-áirítear faisnéis a chuir foilsitheoir fógraíochta***

***polaitiúla ar fáil de bhun mhír 5, nach gcomhlíonann an t-eintiteas na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 a thuilleadh. Sula ndéanfar an stádas sin a chúlghairm, ceadóidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha nó an t-údarás inniúil náisiúnta don eintiteas freagairt do thorthaí an imscrúdaithe agus don rún stádas an eintitis mar chomharthóir iontaofa a chúlghairm.***

***7. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha, i gcás inar gá, treoir a eisiúint chun cabhrú le foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta maidir le mír 5 agus mír 6 a chur i bhfeidhm.***

**Leasú 109**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – an chuid tosaigh**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh sé de chumhacht ag na húdaráis inniúla náisiúnta a iarraidh ar sholáthraí seirbhísí fógraíochta polaitiúla an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 6, 7 agus 8 a tharchur. Ní mór go mbeadh an fhaisnéis tharchurtha iomlán, cruinn agus iontaofa, agus go soláthrófaí í i bhformáid atá soiléir, comhleanúnach, comhdhlúite agus intuigthe. Tarchuirfear an fhaisnéis i bhformáid atá inléite ag meaisín, i gcás inar féidir sin a dhéanamh go teicniúil. | 1. Beidh sé de chumhacht ag na húdaráis inniúla náisiúnta a iarraidh ar sholáthraí seirbhísí fógraíochta polaitiúla an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 6, 7 agus 8 a tharchur. Ní mór go mbeadh an fhaisnéis tharchurtha iomlán, cruinn agus iontaofa, agus go soláthrófaí í i bhformáid atá soiléir, comhleanúnach, comhdhlúite agus intuigthe. Tarchuirfear an fhaisnéis i bhformáid atá inléite ag meaisín. |

**Leasú 110**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ar iarraidh de bhun mhír 1 a fháil, cuirfidh soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla in iúl, laistigh de dhá lá, go | 2. Ar iarraidh de bhun mhír 1 a fháil, cuirfidh soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla in iúl, laistigh de dhá lá, go |

| | |
|---|---|
| bhfuarthas an iarraidh sin agus cuirfidh siad an t-údarás ar an eolas maidir leis na bearta a rinneadh chun í a chomhlíonadh. Soláthróidh an soláthraí seirbhíse ábhartha an fhaisnéis a iarradh laistigh de 10 lá oibre. | bhfuarthas an iarraidh sin agus cuirfidh siad an t-údarás ar an eolas maidir leis na bearta a rinneadh chun í a chomhlíonadh. Soláthróidh an soláthraí seirbhíse ábhartha an fhaisnéis a iarradh laistigh de chúig lá oibre breise. |

**Leasú 111**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – an chuid tosaigh**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla na bearta iomchuí chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6 a tharchur chuig na heintitis leasmhara arna iarraidh sin dóibh agus gan aon táille a bheith i gceist. | 1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla na bearta iomchuí chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6 a tharchur chuig eintitis leasmhara arna iarraidh sin i bhformáid atá soláimhsithe don úsáideoir, a luaithe is féidir ach dhá mhí tar éis iarraidh den sórt sin a dhéanamh ar a dhéanaí, agus aon táille a bheith i gceist. |

**Leasú 112**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***I gcás inar foilsitheoir fógraíochta polaitiúla é soláthraí seirbhísí fógraíochta polaitiúla, déanfaidh sé na bearta iomchuí freisin chun an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 7 a tharchur chuig na heintitis leasmhara arna iarraidh sin dóibh agus gan aon táille a bheith i gceist.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 113**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2 – an chuid tosaigh**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Maidir le heintitis leasmhara a iarrann tarchur na faisnéise de bhun mhír 1, beidh siad neamhspleách ar leasanna tráchtála agus rangófar faoi cheann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas iad: | 2. Maidir le heintitis leasmhara, atá bunaithe san Aontas agus a iarrann tarchur na faisnéise de bhun mhír 1, beidh siad neamhspleách ar leasanna tráchtála agus rangófar faoi cheann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas iad: |

**Leasú 114**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) comhaltaí d'eagraíocht sochaí shibhialta a bhfuil sé de chuspóir reachtúil acu leas an phobail a chosaint agus a chur chun cinn, ar eagraíocht í atá údaraithe faoin dlí náisiúnta nó faoi dhlí an Aontais; | (b) comhaltaí d'eagraíocht sochaí shibhialta a bhfuil sé de chuspóir reachtúil acu leas an phobail a chosaint agus a chur chun cinn; |

**Leasú 115**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) iriseoirí.*** |

**Leasú 116**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ar na heintitis leasmhara sin freisin beidh iriseoirí atá creidiúnaithe i mBallstát ag comhlachtaí náisiúnta, Eorpacha nó idirnáisiúnta.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 117**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tar éis iarraidh a fháil ó eintiteas leasmhar, déanfaidh an soláthraí seirbhíse a dhícheall an fhaisnéis a iarradh nó a fhreagra réasúnaithe faoi mhír 5 a sholáthar, laistigh de mhí amháin. | 3. Tar éis iarraidh a fháil ó eintiteas leasmhar, déanfaidh an soláthraí seirbhíse a dhícheall an fhaisnéis a iarradh nó a fhreagra réasúnaithe faoi mhír 5 a sholáthar, laistigh de choicís. |

**Leasú 118**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás inar follasach go bhfuil iarrataí de bhun mhír 1 gan bhunús, doiléir nó iomarcach, go háirithe mar gheall ar a n-easpa soiléireachta, féadfaidh an soláthraí seirbhíse diúltú freagra a thabhairt. Sa chás sin, seolfaidh an soláthraí seirbhíse ábhartha freagra réasúnaithe chuig an eintiteas leasmhar a bhfuil an iarraidh á déanamh aige. | 5. I gcás inar follasach go bhfuil iarrataí de bhun mhír 1 gan bhunús, doiléir go háirithe mar gheall ar a n-easpa soiléireachta, féadfaidh an soláthraí seirbhíse an iarraidh a dhiúltú. Sa chás sin, seolfaidh an soláthraí seirbhíse ábhartha freagra réasúnaithe agus faisnéis faoin sásamh chuig an eintiteas leasmhar a bhfuil an iarraidh á déanamh aige. |

**Leasú 119**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Is ar na soláthraithe seirbhíse a bheidh an dualgas a léiriú gur follasach go bhfuil iarraidh gan bhunús, doiléir nó iomarcach, nó go bhfuil iarrataí atriallach agus go mbaineann costais shuntasacha lena bpróiseáil. | 7. Is ar na soláthraithe seirbhíse a bheidh an dualgas a léiriú gur follasach go bhfuil iarraidh gan bhunús, doiléir, nó go bhfuil iarrataí atriallach agus go mbaineann costais shuntasacha lena bpróiseáil. |

**Leasú 120**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil III – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| FÓGRAÍOCHT PHOLAITIÚL A SPRIOCDHÍRIÚ AGUS A AIMPLIÚ | SEIRBHÍSÍ FÓGRAÍOCHTA POLAITIÚLA A SPRIOCDHÍRIÚ AGUS FÓGRAÍ A SHEACHADADH |

**Leasú 121**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal -12 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal -12*** |
| | ***Toirmeasc ar theicnící spriocdhírithe agus seachadta fógraí a bhaineann le próiseáil catagóirí speisialta sonraí pearsanta*** |
| | ***Cuirfear toirmeasc ar theicnící spriocdhírithe agus seachadta fógraí lena mbaineann próiseáil catagóirí speisialta sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679 agus in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1725 i gcomhthéacs seirbhísí fógraíochta polaitiúla.*** |

**Leasú 122**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglais shonracha maidir le spriocdhíriú agus aimpliú | Ceanglais shonracha a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta le haghaidh spriocdhíriú ar líne agus teicnící seachadta fógraí ar líne |

**Leasú 123**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tá toirmeasc ar theicnící spriocdhírithe nó aimpliúcháin a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus in Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 i gcomhthéacs fógraíocht pholaitiúil. | 1. Beidh teicnící spriocdhírithe agus seachadta a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta nach catagóirí speisialta sonraí pearsanta iad de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679 nó Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1725 i gcomhthéacs seirbhísí fógraíochta polaitiúla, beidh siad teoranta go docht do na cásanna dá bhforáiltear san Airteagal seo. |

**Leasú 124**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Leis na teicnící seachadta dá dtagraítear san Airteagal seo, cinnfear an lucht féachana laistigh den spriocphobal gan tuilleadh próiseála a dhéanamh ar shonraí pearsanta, trí roghnú randamach amháin.*** |

**Leasú 125**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Cuirfear toirmeasc ar theicnící spriocdhírithe agus seachadta fógraí a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta daoine a bhfuil an rialaitheoir sonraí ar an eolas fúthu le cinnteacht réasúnta go bhfuil siad bliain amháin ar a laghad faoin aois vótála arna bunú leis an dlí náisiúnta. Ní chuirfidh comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach san Airteagal seo d'oibleagáid ar sholáthraithe ardán ar líne sonraí pearsanta breise a phróiseáil chun a mheas an mionaoiseach úsáideoir na*** |

***seirbhíse.***

**Leasú 126**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. Maidir le teicnící spriocdhírithe agus seachadta fógraí a bhfuil próiseáil sonraí pearsanta i gceist leo, teorannófar iad do shonraí pearsanta arna soláthar go sainráite ag an ábhar sonraí le toiliú uaidh nó uaithi mar a shainmhínítear in Airteagal 4(11) de Rialachán (AE)2016/679 arna thabhairt chun críche fógraíochta polaitiúla ar líne, agus chun na críche sin amháin.*** |
| | ***Maidir leis na sonraí pearsanta arna soláthar ag an duine is ábhar do na sonraí de bhua úsáid a bhaint as seirbhís nó feiste, lena n-áirítear ábhar a soláthraíodh, ní mheasfar gur sonraí pearsanta iad a soláthraíodh agus, dá bhrí sin, ní úsáidfidh an soláthraí iad chun críche fógraíocht pholaitiúil a spriocdhíriú agus a sheachadadh.*** |
| | ***Cuirfidh an rialaitheoir sonraí in iúl, agus toiliú á iarraidh aige nó aici ar an ábhar sonraí, go bhféadfar na sonraí pearsanta a chuir sé nó sí ar fáil a phróiseáil chun críche fógraíocht pholaitiúil a chur faoi bhráid an t-ábhar sonraí agus chun na críche sin amháin. Ní bheidh sé níos deacra nó níos fadálaí don t-ábhar sonraí diúltú toiliú a thabhairt ná an toiliú sin a thabhairt. Ní iarrfaidh soláthraithe toiliú i gcás ina bhfeidhmíonn an t-ábhar sonraí a cheart nó a ceart chun agóid a dhéanamh trí mhodhanna uathoibrithe trí úsáid a bhaint as sonraíochtaí teicniúla, i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE) 2016/679. I gcás ina ndiúltóidh an t-ábhar sonraí a thoiliú nó a toiliú a thabhairt, nó ina dtarraingíonn sé nó sí siar a thoiliú nó a toiliú,*** |

***tabharfar roghanna córa agus réasúnacha eile dó nó di chun rochtain a fháil ar sheirbhísí na sochaí faisnéise.***

***Ní dhéanfar níos mó ná ceithre chatagóir de shonraí pearsanta a chomhcheangal le teicnící spriocdhírithe agus seachadta fógraí dá dtagraítear sa mhír seo, lena n-áirítear suíomh an t-ábhar sonraí.***

***Má tá an fógra polaitiúil nasctha le toghchán nó le reifreann, tuigfear go bhfuil suíomh an ábhair sonraí ar leibhéal an toghlaigh is infheidhme don toghchán nó don reifreann sin dá dtagraítear i mír 1d, pointe (b).***

***Mura bhfuil an fógra polaitiúil nasctha le toghchán ná le reifreann, ní bheidh an suíomh a úsáidtear le haghaidh teicnící spriocdhírithe agus seachadta fógraí faoi bhun leibhéal an bhardais.***

***Mura bhfuil an fógra polaitiúil nasctha le toghchán nó le reifreann agus i gcás teaglaim de dhá chatagóir sonraí nó níos mó, cuimseoidh an spriocghrúpa 0,4 % ar a laghad de dhaonra an Bhallstáit ach 50 000 saoránach ar a laghad.***

**Leasú 127**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1d. D'ainneoin mhír 1c, 60 lá díreach roimh thoghchán nó reifreann, maidir le teicnící spriocdhírithe agus seachadta fógraí a bhaineann le sonraí pearsanta arna soláthar a phróiseáil, déanfar iad a theorannú do na sonraí pearsanta seo a leanas arna soláthar go sainráite ag an ábhar sonraí don fhoilsitheoir fógraíochta lena thoiliú nó lena toiliú mar a shainmhínítear in Airteagal 4(11) de Rialachán (AE)2016/679 arna thabhairt chun críche fógraíochta polaitiúla ar líne, agus chun na críche sin amháin:*** |

***(a) na teangacha a labhraíonn an t-ábhar sonraí;***

***(b) suíomh an ábhair sonraí ar leibhéal an toghlaigh is infheidhme sa toghchán nó sa reifreann ábhartha;***

***(c) an fhaisnéis go bhfuil an t-ábhar sonraí ina chéad vótálaí.***

***Beidh feidhm mutatis mutandis ag fomhír 2 agus ag fomhír 3 de mhír 1c.***

**Leasú 128**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1e. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le cumarsáid inmheánach aon pháirtí pholaitiúil, fondúireachta, comhlachais nó aon chomhlachta neamhbhrabúis eile, lena gcomhaltaí agus lena n-iarchomhaltaí ná le cumarsáidí, amhail nuachtlitreacha, atá nasctha lena ngníomhaíochtaí polaitiúla, fad is nach bhfuil na cumarsáidí sin bunaithe ach ar shonraí síntiúis amháin agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad teoranta go docht dá gcomhaltaí, dá n-iarchomhaltaí nó dá síntiúsóirí agus go bhfuil siad bunaithe ar shonraí pearsanta a chuireann siad ar fáil agus nach bhfuil tuilleadh próiseála ar shonraí pearsanta i gceist leo chun díriú ar na faighteoirí agus ar na teachtaireachtaí a fhaigheann siad nó chun iad a roghnú tuilleadh ar shlí eile. Tagann foirmeacha den sórt sin de mhargaíocht dhíreach faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2016/679 agus Threoir 2002/58/CE.*** |

**Leasú 129**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. An toirmeasc a leagtar síos sa chéad abairt, ní bheidh feidhm aige maidir leis na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 9(2)(a) agus (d) de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 10(2)(a) agus (d) de Rialachán (AE) 2018/1725.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 130**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – an chuid tosaigh**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Agus teicnící spriocdhírithe nó aimpliúcháin a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta in úsáid i gcomhthéacs fógraíocht pholaitiúil, comhlíonfaidh na rialaitheoirí na ceanglais seo a leanas, sa bhreis ar na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725, de réir mar is infheidhme: | 3. Agus teicnící spriocdhírithe a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta á n-úsáid i gcomhthéacs seirbhísí fógraíochta polaitiúla, déanfaidh rialaitheoirí, sa bhreis ar na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679 agus i Rialachán (AE)2018/1725, de réir mar is infheidhme, na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh: |

**Leasú 131**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) déanfar beartas inmheánach a ghlacadh agus a chur chun feidhme, beartas ina dtugtar tuairisc shoiléir i dteanga shoiléir, go háirithe, ar úsáid teicnící den chineál sin chun spriocdhíriú ar dhaoine aonair nó chun an t-ábhar a aimpliú, agus coinneofar an beartas sin ar feadh tréimhse 5 bliana; | (a) déanfar beartas inmheánach a ghlacadh agus a chur chun feidhme, beartas ina dtugtar tuairisc shoiléir i dteanga shoiléir, go háirithe, ar úsáid teicnící den chineál sin chun spriocdhíriú ar dhaoine aonair nó chun an t-ábhar a sheachadadh, agus coinneofar an beartas sin ar feadh tréimhse deich mbliana; ***cuirfear an beartas inmheánach sin ar fáil go poiblí;*** |

**Leasú 132**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) taifid a choinneáil ar an úsáid a bhaintear as spriocdhíriú nó aimpliú, ar na sásraí, na teicnící agus na paraiméadair ábhartha a úsáidtear, agus ar fhoinse nó foinsí na sonraí pearsanta a úsáidtear. | (b) taifid a choinneáil ar úsáid na dteicnící agus na bparaiméadar dírithe nó seachadta fógraí a úsáidtear, agus ar fhoinse nó foinsí na sonraí pearsanta a úsáidtear; |

**Leasú 133**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) soláthrófar, in éineacht leis an bhfógra polaitiúil, an fhaisnéis bhreise is gá chun a chur ar chumas an duine aonair lena mbaineann tuiscint a fháil ar an loighic atá i gceist agus ar phríomhpharaiméadair na teicníce a úsáideadh, mar aon le húsáid sonraí tríú páirtí agus teicnící anailíseacha breise. Is éard a bheidh san fhaisnéis sin na gnéithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II. | (c) soláthrófar, in éineacht leis an bhfógra polaitiúil, an fhaisnéis bhreise is gá chun a chur ar chumas an duine aonair lena mbaineann tuiscint a fháil ar an loighic atá i gceist agus ar phríomhpharaiméadair na teicníce a úsáideadh, mar aon le teicnící anailíseacha breise. Is éard a bheidh san fhaisnéis sin na gnéithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II; |

**Leasú 134**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) measúnú riosca bliantúil inmheánach a dhéanamh ar úsáid na dteicnící sin maidir le cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine aonair agus na sochaí ina hiomláine; cuirfear torthaí na measúnuithe riosca sin ar fáil go poiblí.*** |

**Leasú 135**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Ní dhéanfaidh an foilsitheoir, chun críche seirbhísí fógraíochta polaitiúla a sholáthar, sonraí pearsanta úsáideoirí deiridh a úsáideann seirbhísí tríú páirtithe a bhaineann úsáid as croísheirbhísí ardáin an fhoilsitheora, a phróiseáil.*** |

**Leasú 136**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla a úsáideann teicnící spriocdhírithe nó aimpliúcháin, áireoidh siad san fhógra trédhearcachta a cheanglaítear faoi Airteagal 7 an fhaisnéis a shonraítear i mír 3(c) mar aon le nasc chuig an mbeartas dá dtagraítear i mír 3(a). I gcás nach ionann an rialaitheoir agus an foilsitheoir fógraíochta, tarchuirfidh an rialaitheoir an beartas inmheánach, sin nó tagairt dó, chuig an bhfoilsitheoir fógraíochta polaitiúla.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 137**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla a úsáideann teicnící spriocdhírithe nó aimpliúcháin dá dtagraítear i mír 3, áireoidh siad tagairt do mhodh éifeachtach chun tacú le daoine aonair a gcearta faoi Rialachán (AE) 2016/679 a fheidhmiú, áireoidh siad sin san fhógra, nó in éineacht leis, agus san fhógra trédhearcachta a cheanglaítear faoi Airteagal 7. | 5. Foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla a úsáideann teicnící spriocdhírithe dá dtagraítear i mír 3, áireoidh siad tagairt do mhodh éifeachtach chun tacú le daoine aonair a gcearta faoi Rialachán (AE) 2016/679 a fheidhmiú, áireoidh siad sin san fhógra, nó in éineacht leis, agus san fhógra trédhearcachta a cheanglaítear faoi Airteagal 7. ***Beidh nasc sofheicthe ag an bhfógra trédhearcachta le comhéadan a*** |

***bhfuil rochtain éasca air inar féidir le húsáideoirí a dtoiliú a tharraingt siar nó na sonraí pearsanta a sholáthair siad a mhodhnú chun críche fógraíochta polaitiúla ar líne dá dtagraítear i míreanna 1c agus 1d agus chun na críche sin amháin.***

**Leasú 138**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun Iarscríbhinn II a leasú trí ghnéithe atá ar liosta na faisnéise atá le soláthar de bhun mhír 3(c) den Airteagal seo a mhodhnú nó a bhaint den liosta sin i bhfianaise forbairtí teicneolaíocha ar thaighde eolaíoch ábhartha, agus i bhfianaise forbairtí ar an maoirseacht a dhéanann údaráis inniúla agus ar an treoraíocht ábhartha arna heisiúint ag na comhlachtaí inniúla.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 139**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faisnéis a bhaineann le spriocdhíriú nó aimpliúchán a tharchur chuig eintitis leasmhara eile | Faisnéis a bhaineann le spriocdhíriú ar líne nó seachadadh fógraí ar líne a tharchur chuig eintitis leasmhara eile |

**Leasú 140**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Coimeádfaidh na Ballstáit cláir, a*** |

***bheidh ar fáil go poiblí, d'ionadaithe dlíthiúla arna gclárú ar an leibhéal náisiúnta faoin Rialachán seo. Coimeádfaidh an Coimisiún clár a bheidh ar fáil go poiblí d'ionadaithe dlíthiúla atá cláraithe ar leibhéal an Aontais faoin Rialachán seo.***

**Leasú 141**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. I gcás inar ardán an-mhór ar líne é an foilsitheoir fógraíochta polaitiúla nó inneall cuardaigh an-mhór ar líne de réir bhrí Airteagal 33 de Rialachán 2022/2065, féadfaidh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí imscrúdú a thionscnamh, arna iarraidh sin ag na húdaráis náisiúnta, ag an gCoimisiún, nó ar a thionscnamh féin tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis náisiúnta ábhartha má tá amhras air gur sáraíodh Airteagal - 12 nó Airteagal 12 den Rialachán seo.*** |

**Leasú 142**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Nuair a thionscnóidh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí imscrúdú de bhun mhír 1d den Airteagal seo, scaoilfear an t-údarás náisiúnta nó na húdaráis náisiúnta cosanta sonraí, nó aon údarás inniúil i gcás inarb infheidhme, óna chumhachtaí, maidir leis an sárú atá i gceist, chun na hoibleagáidí faoin Rialachán seo a mhaoirsiú agus a fhorfheidhmiú.*** |

**Leasú 143**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. Déanfaidh na húdaráis náisiúnta cosanta sonraí, laistigh de 15 lá tar éis dóibh a bheith curtha ar an eolas faoi thionscnamh an imscrúdaithe, nó laistigh de sheacht lá más rud é, laistigh de 60 lá díreach roimh na toghcháin nó na reifrinn dá dtagraítear in Airteagal 12(1d), aon fhaisnéis atá ina seilbh acu faoin sárú atá i gceist a tharchur chuig an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí.*** |

**Leasú 144**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1d. Agus a chumhachtaí imscrúdaithe faoin Rialachán seo á bhfeidhmiú aige, iarrfaidh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí tacaíocht aonair nó tacaíocht chomhpháirteach ó aon údarás náisiúnta cosanta sonraí nó ó aon údaráis náisiúnta cosanta sonraí a bhfuil baint acu leis an sárú amhrasta, lena n-áirítear an t-údarás cosanta sonraí bunaíochta.*** |

**Leasú 145**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Beidh inniúlacht eisiach ag an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo ag ardáin an-mhór ar líne agus ag innill chuardaigh an-mhór de réir bhrí Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065, cé is moite*** |

*d'Airteagail -12 agus 12 de.*

**Leasú 146**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as na gnéithe den Rialachán seo nach dtagraítear dóibh i míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Ó thaobh struchtúir de, beidh gach údarás inniúil a ainmnítear faoin mír seo iomlán neamhspleách ar an earnáil agus ar aon idirghabháil sheachtrach nó brú polaitiúil araon. Ar bhealach atá iomlán neamhspleách, déanfaidh sé faireachán éifeachtach agus déanfaidh sé na bearta comhréireach is gá chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú. | 3. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as gnéithe an Rialacháin seo nach dtagraítear dóibh i mír 1 agus i mír 2 a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú go dícheallach, go hoibiachtúil, go comhsheasmhach agus go haonfhoirmeach. Ó thaobh struchtúir de, beidh gach údarás inniúil a ainmnítear faoin mír seo iomlán neamhspleách ar an earnáil agus ar rialtas gach Ballstáit araon, ar aon idirghabháil sheachtrach nó ar aon bhrú polaitiúil. Ar bhealach atá iomlán neamhspleách, déanfaidh sé faireachán éifeachtach agus déanfaidh sé na bearta comhréireach is gá chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú. |

**Leasú 147**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Maidir leis na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 3, i gcás ina bhfuil a gcúraimí maoirseachta á bhfeidhmiú acu i ndáil leis an Rialachán seo, beidh sé de chumhacht ag na húdaráis inniúla sin rochtain ar shonraí, ar dhoiciméid nó ar aon fhaisnéis is gá a iarraidh ar sholáthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla d'fhonn a gcúraimí maoirseachta a chur i gcrích. | 4. Beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, ag an gCoimisiún agus ag na húdaráis inniúla náisiúnta dá dtagraítear i mír 3, i gcás ina bhfuil a gcúraimí maoirseachta á bhfeidhmiú acu maidir leis an Rialachán seo, chun a gcúraimí maoirseachta a dhéanamh: |

**Leasú 148**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 4 –- pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) an chumhacht chun imscrúduithe a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear ar bhonn faisnéise a fhaightear ó údarás maoirseachta eile nó ó údarás poiblí eile;*** |

**Leasú 149**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 4 – pointe b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) an chumhacht chun sonraí, faisnéis a iarraidh gan mhoill mhíchuí ar ghníomhaithe polaitiúla, ar sholáthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla, ar urraitheoirí agus ar fhoilsitheoirí, chomh maith le haon duine eile i ndáil lena ngairm más rud é go bhféadfadh na daoine sin a bheith ar an eolas go réasúnta faoi shárú amhrasta ar an Rialachán seo;*** |

**Leasú 150**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 4 – pointe c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c) an chumhacht chun a iarraidh ar aon bhall foirne ábhartha nó ar aon ionadaí ábhartha de chuid soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla, urraitheoirí nó foilsitheoirí nó na daoine dá dtagraítear i bpointe (b) ráiteas a thabhairt nó míniú a thabhairt maidir le haon fhaisnéis a bhaineann le sárú amhrasta;*** |

**Leasú 151**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 4 – pointe d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d) an chumhacht chun a iarraidh ar aon duine i bhfógraíocht pholaitiúil a saineolas a chur ar fáil maidir le sárú amhrasta;*** |

**Leasú 152**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 4 – pointe e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e) an chumhacht chun gearáin arna dtaisceadh ag ábhar sonraí, nó ag comhlacht, eagraíocht nó comhlachas, a láimhseáil agus ábhar an ghearáin a imscrúdú, a mhéid is iomchuí;*** |

**Leasú 153**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 4 –- pointe f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(f) an chumhacht chun fíneáil riaracháin a fhorchur de bhun Airteagal 16*** |

**Leasú 154**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Beidh cinntí an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí, an Choimisiúin agus na n-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear i mír 3 faoi réir athbhreithniú breithiúnach i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.*** |

**Leasú 155**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 5 – an chuid tosaigh**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Maidir leis na húdaráis inniúla dá dtagraítear in mír 3, i gcás ina bhfuil a gcúraimí forfheidhmiúcháin á bhfeidhmiú acu i ndáil leis an Rialachán seo, beidh sé de chumhacht ag na húdaráis inniúla sin an méid seo a leanas a dhéanamh: | 5. Maidir leis na húdaráis inniúla i gcás ina bhfuil a gcúraimí forfheidhmiúcháin á bhfeidhmiú acu i ndáil leis an Rialachán seo, beidh sé de chumhacht acu an méid seo a leanas a dhéanamh: |

**Leasú 156**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 5 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) treoir maidir le comhlíonadh a eisiúint mar fhreagra ar iarrataí arna dtarraingt anuas ag foilsitheoirí fógraíochta polaitiúla faoi Airteagal 9;*** |

**Leasú 157**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 5 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) fíneálacha riaracháin tréimhsiúla agus pionóis airgeadais a fhorchur.*** |

**Leasú 158**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Áiritheoidh na Ballstáit comhar idir na húdaráis inniúla go háirithe faoi chuimsiú líonraí náisiúnta toghchán, chun malartú faisnéise tapa slán a éascú maidir | 6. Áiritheoidh na Ballstáit comhar i measc na n-údarás inniúil agus na n-údarás maoirseachta go háirithe faoi chuimsiú líonraí náisiúnta toghchán, chun malartú |

| | |
|---|---|
| le saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú a gcúraimí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear trí sháruithe a shainaithint go comhpháirteach, torthaí agus saineolas a roinnt, agus teagmháil a dhéanamh lena chéile maidir le rialacha ábhartha a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. | faisnéise tapa slán a éascú maidir le saincheisteanna a bhaineann le feidhmiú a gcúraimí maoirseachta agus forfheidhmiúcháin de bhun an Rialacháin seo, lena n-áirítear trí sháruithe a shainaithint go comhpháirteach, torthaí agus saineolas a roinnt, agus teagmháil a dhéanamh lena chéile maidir le rialacha ábhartha a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. |

**Leasú 159**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9a. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát, ag deireadh gach toghcháin nó reifrinn, tuarascálacha a tharraingt suas maidir le comhlíonadh an dlí atá ann cheana ag soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla de chuid an Aontais, lena n-áirítear an Rialachán seo, chomh maith le cosaint sonraí pearsanta, agus teicnící á n-úsáid chun díriú ar lucht féachana ar leith nó chun tionchar ábhair fógraíochta polaitiúla a mhéadú. Cuirfear na tuarascálacha sin ar aghaidh chuig an gCoimisiún agus, i gcás toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, chuig Parlaimint na hEorpa.*** |

**Leasú 160**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le hAirteagail 5 go 11, 13 agus 14, leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir le smachtbhannaí lena n-áirítear fíneálacha riaracháin agus pionóis airgeadais is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí fógraíochta polaitiúla faoina ndlínse má sháraítear an Rialachán | 1. Maidir le hAirteagail 3a, 4, 5 go 11, 13 agus 14, leagfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún síos rialacha maidir le smachtbhannaí lena n-áirítear fíneálacha riaracháin agus pionóis airgeadais agus nósanna imeachta maidir le ceartú is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí |

| | |
|---|---|
| atá ann faoi láthair, agus beidh siad éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach i ngach cás aonair. | fógraíochta polaitiúla faoina ndlínse má sháraítear an Rialachán atá ann faoi láthair, agus beidh siad éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach i ngach cás ar leith. |

**Leasú 161**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Measfar gur tromchúiseach iad go háirithe sáruithe ar Airteagal 7 i gcás ina mbaineann siad le fógraíocht pholaitiúil a foilsíodh nó a scaipeadh le linn tréimhse thoghcháin agus a dhírítear ar shaoránaigh sa Bhallstát ina bhfuil an toghchán ábhartha á eagrú. | 4. Measfar gur tromchúiseach iad go háirithe sáruithe ar Airteagal ***4, 5 agus*** 7 i gcás ina mbaineann siad le fógraíocht pholaitiúil a foilsíodh nó a scaipeadh le linn tréimhse thoghcháin agus a dhírítear ar shaoránaigh sa Bhallstát ina bhfuil an toghchán ábhartha á eagrú. |

**Leasú 162**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Maidir le sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 12, féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2016/679, laistigh de raon feidhme a n-inniúlachta, fíneálacha riaracháin a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 83 de Rialachán (AE) 2016/679 agus suas go dtí an méid dá dtagraítear in Airteagal 83(5) den Rialachán sin. | 6. Maidir le sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal ***-12 agus*** 12, féadfaidh na húdaráis mhaoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 51 de Rialachán (AE) 2016/679 ***agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí úsáid a bhaint as na cumhachtaí imscrúdaitheacha agus ceartaitheacha a leagtar síos sa Rialachán sin agus*** laistigh dá raon feidhme inniúlachta, ***féadfaidh siad*** fíneálacha riaracháin a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 83 de Rialachán (AE) 2016/679 agus suas go dtí an méid dá dtagraítear in Airteagal 83(5) den Rialachán sin. |

**Leasú 163**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. I gcás ina ndéanfaidh an t-urraitheoir sáruithe córasacha agus fíorthromchúiseacha ar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail -12 agus 12, i gcás inar ardán an-mhór ar líne nó inneall cuardaigh an-mhór ar líne de réir bhrí Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2022/2065 é an foilsitheoir fógraíochta polaitiúla, féadfaidh an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí a ordú, ar feadh tréimhse ama atá teoranta go docht, nach faide ná 15 lá, nach gcuirfidh an t-ardán an-mhór ar líne nó an t-inneall cuardaigh an-mhór ar fáil seirbhísí spriocdhírithe agus seachadta fógraí don urraitheoir áirithe sin, de bhun Airteagal 15(1a). Féadfar fionraí den sórt sin a fhorchur de bhreis ar fhíneáil riaracháin nó ina hionad.*** |

**Leasú 164**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Maidir le sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 12, féadfaidh an t-údarás maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 52 de Rialachán (AE) 2018/1725 fíneálacha riaracháin a fhorchur laistigh dá raon feidhme inniúlachta i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán (AE) 2018/1725 suas go dtí an méid dá dtagraítear in Airteagal 66 (3) den Rialachán sin. | 7. Maidir le sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagail -12 agus 12, féadfaidh an t-údarás maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 52 de Rialachán (AE) 2018/1725 na cumhachtaí imscrúdaitheacha agus ceartaitheacha a leagtar síos sa Rialachán sin a úsáid agus fíneálacha riaracháin a fhorchur laistigh dá raon feidhme inniúlachta i gcomhréir le hAirteagal 66 de Rialachán (AE) 2018/1725 suas go dtí an méid dá dtagraítear in Airteagal 66(3) den Rialachán sin. |

**Leasú 165**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na smachtbhannaí arna bhforchur chun forálacha an Rialacháin seo a fhorfheidhmiú, go háirithe maidir leis an gcineál smachtbhannaí a chuirfear i bhfeidhm agus méid na bhfíneálacha riaracháin agus na bpionós airgeadais. Déanfaidh an Coimisiún achoimre agus meastóireacht bhliantúil ar na tuarascálacha sin agus úsáidfidh sé iad don phróiseas athbhreithnithe faoi Airteagal 18.*** |

**Leasú 166**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7b. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 chun smachtbhannaí íosta a thabhairt isteach ar fud an Aontais maidir le sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 12 agus in Airteagal 13 tar éis dó dul i gcomhairle le húdaráis inniúla agus le geallsealbhóirí ábhartha eile.*** |

**Leasú 167**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Laistigh de 2 bhliain tar éis gach toghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus den chéad uair faoin 31 Nollaig 2026 ar a dhéanaí, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil isteach, tuarascáil ar mheastóireacht agus athbhreithniú an Rialacháin seo. Sa | Laistigh de 2 bhliain tar éis gach toghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus den chéad uair faoin 31 Nollaig 2026 ar a dhéanaí, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil isteach, tuarascáil ar mheastóireacht agus athbhreithniú an Rialacháin seo. Sa |

| | |
|---|---|
| tuarascáil sin déanfar measúnú ar an ngá leis an Rialachán seo a leasú. Cuirfear an tuarascáil ar fáil go poiblí. | tuarascáil sin déanfar measúnú ar an ngá leis an Rialachán seo a leasú. Déanfar an tuarascáil a chur ar fáil go poiblí agus cuirfear faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa í. |

**Leasú 168**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoi...[trí bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil ar thionchair an Rialacháin seo ar gheallsealbhóirí, go háirithe ar an tsochaí shibhialta, a bheidh bunaithe ar chomhairliúchán leathan leis na geallsealbhóirí ábhartha.*** |

**Leasú 169**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7(8) agus in Airteagal 12(8) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse [go dtí go ndéanfar meastóireacht ar chur i bhfeidhm an Rialachán seo, dhá bhliain tar éis na chéad toghcháin eile do Pharlaimint na hEorpa]. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7(8) agus in Airteagal 12(8) agus 16 (7b) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse [go dtí go ndéanfar meastóireacht ar chur i bhfeidhm an Rialachán seo, dhá bhliain tar éis na chéad toghcháin eile do Pharlaimint na hEorpa]. |

**Leasú 170**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá |

| | |
|---|---|
| dtagraítear in Airteagal 7(8) agus Airteagal 12(8) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. | dtagraítear in Airteagal 7(8) agus Airteagal 12(8) agus 16 (7b) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. |

**Leasú 171**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 7(8) nó Airteagal 12(8) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 7(8) nó Airteagal 12(8) nó Airteagal 16 (7b) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 172**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***i gcás nach bhfuil an fógra laistigh den fhógra féin,*** sampla den fhógra polaitiúil nó léiriú air nó nasc chuige. | (a) sampla den fhógra polaitiúil nó léiriú air nó nasc chuige; |

**Leasú 173**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) céannacht agus áit bhunaithe an urraitheora a scaiptear an fógra thar a cheann, lena n-áirítear a ainm, a sheoladh, a uimhir theileafóin agus a sheoladh ríomhphoist, agus más eintiteas nádúrtha nó eintiteas dlítheanach é. | (b) céannacht agus áit bhunaithe an urraitheora a dhéantar an fógra a ullmhú, a shuíomh, a fhoilsiú, a chur chun cinn agus a scaipeadh thar a cheann, lena n-áirítear a ainm, a sheoladh, a uimhir theileafóin fíoraithe nó a sheoladh ríomhphoist, agus más eintiteas nádúrtha nó eintiteas dlítheanach é; |

**Leasú 174**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) aon toghchán lena mbaineann an fhógraíocht, más infheidhme. | (d) aon toghchán nó reifreann lena mbaineann an fhógraíocht, más infheidhme; |

**Leasú 175**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) an méid comhiomlán sealadach a caitheadh ar an bhfógra sonrach, agus luach na sochar eile a fuarthas i bpáirt nó go hiomlán, agus ar an bhfeachtas fógraíochta sonrach i gcás inarb ábhartha, lena n-áirítear ullmhú, suíomh, cur chun cinn, foilsiú agus scaipeadh na bhfógraí polaitiúla, chomh maith leis an méid iarbhír comhiomlánaithe a caitheadh agus luach na sochar eile a fuarthas nuair is eol iad. | (e) an méid a caitheadh ar an bhfógra sonrach, agus luach na sochar eile a fuarthas i bpáirt nó go hiomlán, agus ar an bhfeachtas fógraíochta sonrach i gcás inarb ábhartha, lena n-áirítear ullmhú, suíomh, cur chun cinn, foilsiú agus scaipeadh na bhfógraí polaitiúla, chomh maith leis an méid iarbhír comhiomlánaithe a caitheadh agus luach na sochar eile a fuarthas nuair is eol iad. |

**Leasú 176**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) i gcás inar ardán an-mhór ar líne é an foilsitheoir, nasc chuig suíomh an fhógra i stór fógraíochta an fhoilsitheora. | (h) nasc chuig suíomh an fhógra sa leabharlann Eorpach le haghaidh fógraí polaitiúla. |

**Leasú 177**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II - fo-cheannteideal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Faisnéis atá le soláthar faoi Airteagal 12(3)*** | ***scriosta*** |

**Leasú 178**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) na grúpaí sonracha faighteoirí a spriocdhírítear orthu, lena n-áirítear na paraiméadair a úsáideadh chun na faighteoirí a scaiptear an fhógraíocht orthu a chinneadh, leis an leibhéal céanna mionsonraí a úsáideadh le haghaidh an spriocdhírithe, catagóirí na sonraí pearsanta a úsáideadh le haghaidh an spriocdhírithe agus an aimpliúcháin, agus na spriocanna, na sásraí agus an loighic a bhaineann leis an spriocdhíriú agus leis an aimpliúchán, lena n-áirítear na paraiméadair iniaimh agus eisiaimh agus na cúiseanna ar roghnaíodh na paraiméadair sin.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 179**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) tréimhse an scaipthe, líon na ndaoine aonair a scaiptear an fógra orthu agus léiriú ar mhéid an spriocphobail laistigh den ghrúpa ábhartha toghthóirí.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 180**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) foinse na sonraí pearsanta dá dtagraítear i bpointe (a), lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis go ndearnadh na sonraí pearsanta a dhíorthú, a thuiscint nó a fháil ó thríú páirtí agus a gcéannacht chomh maith le nasc chuig fógra cosanta sonraí an tríú páirtí sin le haghaidh na próiseála atá i gceist.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 181**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) nasc chuig modhanna éifeachtacha chun tacú le daoine aonair a gcearta a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2016/679 nó Rialachán (AE) 2018/1725, de réir mar is infheidhme, i gcomhthéacs fógraíocht pholaitiúil spriocdhírítear orthu agus a aimplítear ar bhonn a sonraí pearsanta.*** | ***scriosta*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla |
| **Tagairtí** | COM(2021)0731 – C9-0433/2021 – 2021/0381(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>13.12.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | LIBE<br>13.12.2021 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 5.5.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Anna Júlia Donáth<br>13.7.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 13.7.2022 5.9.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 1.12.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 43<br>–: 9<br>0: 8 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Abir Al-Sahlani, Konstantinos Arvanitis, Malik Azmani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Vladimír Bilčík, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Joachim Stanisław Brudziński, Patricia Chagnon, Caterina Chinnici, Clare Daly, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cornelia Ernst, Laura Ferrara, Nicolaus Fest, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Theresa Muigg, Maite Pagazaurtundúa, Paulo Rangel, Isabel Santos, Birgit Sippel, Vincenzo Sofo, Ramona Strugariu, Yana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Jadwiga Wiśniewska, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Daniel Freund, Alessandra Mussolini, Róża Thun und Hohenstein, Romana Tomc, Dragoş Tudorache, Tom Vandenkendelaere, Loránt Vincze |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pablo Arias Echeverría, Jarosław Duda, Emmanouil Fragkos, Krzysztof Hetman, Eva Kaili, Ska Keller, Alessandra Moretti, Ljudmila Novak, Andrey Novakov, Christine Schneider, Annie Schreijer-Pierik, Marc Tarabella |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 43 | + |
|---|---|
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Vladimír Bilčík, Karolin Braunsberger-Reinhold, Jarosław Duda, Andrzej Halicki, Krzysztof Hetman, Jeroen Lenaers, Nadine Morano, Alessandra Mussolini, Ljudmila Novak, Andrey Novakov, Paulo Rangel, Christine Schneider, Annie Schreijer-Pierik, Romana Tomc, Tom Vandenkendelaere, Loránt Vincze, Javier Zarzalejos |
| RENEW | Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu, Róża Thun und Hohenstein, Yana Toom, Dragoş Tudorache |
| S&D | Katarina Barley, Pietro Bartolo, Caterina Chinnici, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Eva Kaili, Marina Kaljurand, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Alessandra Moretti, Theresa Muigg, Isabel Santos, Birgit Sippel, Marc Tarabella |
| THE LEFT | Konstantinos Arvanitis, Cornelia Ernst |

| 9 | - |
|---|---|
| ECR | Joachim Stanisław Brudziński, Emmanouil Fragkos, Patryk Jaki, Vincenzo Sofo, Jadwiga Wiśniewska |
| ID | Patricia Chagnon, Nicolaus Fest, Tom Vandendriessche |
| NI | Milan Uhrík |

| 8 | 0 |
|---|---|
| NI | Laura Ferrara |
| THE LEFT | Clare Daly |
| VERTS/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Daniel Freund, Ska Keller, Alice Kuhnke, Erik Marquardt |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh